Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Tuarascáil Bhliantúil 2021

Contents

1: Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman 2
2: Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman 3
3: Cúlra agus Rialachas 5
3.1 : COMHALTAÍ DE BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN 8
3.2 : FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD 9
3.3 : COISTÍ BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN - 2021 10
3.4 : FOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN 12
4: Forbhreathnú ar Sheirbhísí – 2021 13
5: Oideachas Bunleibhéil agus Oideachas Dara Leibhéal 15
6: Breisoideachas agus Oiliúint 17
7: Airgeadas 18
8: Cur Chun Feidhme na Spriocanna Straitéiseacha – 2021 19

1: Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (an Bord Oideachais agus Oiliúna), tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don bhliain 2021 a chur i láthair. Leagtar amach sa Tuarascáil an dul chun cinn a rinne an Bord Oideachais agus Oiliúna le linn bliain eile inar tháinig deacrachtaí chun cinn ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

Lean paindéim Covid-19 le dúshláin a chruthú sa bhliain 2021, rud a d'fhág gur athshainíodh tosaíochtaí an athuair ar fud ár gcuid Ionad agus Scoileanna. Ina ainneoin sin, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2018-2022 a chomhlíonadh. Tugtar sa Tuarascáil seo achoimre ar an obair a rinneadh agus ar na héachtaí a baineadh amach ar fud na heagraíochta le linn na bliana 2021.

Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna tiomanta go fóill don fhoghlaimeoir a chur i gcroílár gach a ndéanaimid. Tá baill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le moladh ar a gcuid díograise agus iad ag iarraidh a chinntiú go bhfaigheadh mic léinn agus foghlaimeoirí na deiseanna oideachais agus oiliúna is fearr is féidir beag beann ar na dúshláin a chruthaigh an phaindéim. Is maith is eol don Bhord Oideachais agus Oiliúna freisin an oibleagáid atá air tacú le muintir Phort Láirge agus Loch Garman, agus cuirimid ár gcuid seirbhísí in oiriúint dóibh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na comhaltaí eile de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, lenár mbaill foirne agus leis an raon leathan geallsealbhóirí a rannchuidigh lenár n-eagraíocht thar an 12 mhí seo a chuaigh thart. Agus sinn ag dul isteach sa chéad timthriall Straitéiseach eile don Bhord Oideachais agus Oiliúna, táimid ag tnúth le dul i gcomhairle lenár ngeallsealbhóirí chun plean a fhorbairt don todhchaí, ar plean é ar féidir linn go léir bheith bródúil as.

Le gach dea-ghuí,

Cllr. Barbara-Anne Murphy
Chairperson, WWETB

2: Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Bhí an bhliain 2021 ina bliain an-dúshlánach do gach duine i sochaí na hÉireann mar gheall ar phaindéim leanúnach Covid-19 agus mar gheall ar an gcuid mhór saincheisteanna éagsúla suntasacha a bhí le sárú ag gach duine a phléann leis an oideachas agus an oiliúint laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (an Bord Oideachais agus Oiliúna). Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2021 an dóigh ar fhreagair an eagraíocht don tacar uathúil imthosca a tháinig roimh gach duine lena mbaineann agus an dóigh ar leanamar le dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar chur chun feidhme an Ráitis Straitéisigh don tréimhse 2018-2022 beag beann ar an líon mór bacainní a chuir an phaindéim romhainn.

Ceanglaítear an méid seo a leanas le halt 28(1) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013:

Déanfaidh gach Bord Oideachais agus Oiliúna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana díreach roimh an mbliain ina ndéanfar an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Leagtar amach go sonrach sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2021 an dóigh ar cuireadh na cúig sprioc straitéiseacha seo a leanas ón Ráiteas Straitéiseach chun feidhme le linn na bliana:

1. Cláir Oideachais agus Oiliúna ar Ardchaighdeán
2. Seirbhísí na hEagraíochta a Fhorbairt
3. Ár mBaill Foirne go léir a bheith ag Obair le Chéile
4. Comhpháirtíocht agus Comhoibriú
5. Cumarsáid

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar na nithe thuas le linn na bliana 2021. Is féidir cuid mhór den dul chun cinn sin a chur síos d'iarracht iontach ár mball foirne, a d'oibrigh ar shlí ghairmiúil, dhícheallach, sholúbtha agus dhúthrachtach chun a chinntiú go leanfadh ár mic léinn agus ár bhfoghlaimeoirí aosacha le tairbhe a bhaint as sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a fuaireamar ónár maoinitheoirí, is iad sin: an Roinn Oideachais; SOLAS; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. D'oibrigh siad go han-dlúth linn chun a chinntiú go bhféadfaimis oiriúnú do na himthosca síorathraitheacha a bhí ag teacht chun cinn. Bhíomar an-bhuíoch freisin den tacaíocht a fuaireamar ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus ónár gcomhpháirtithe éagsúla ar fud grúpaí reachtúla, deonacha agus pobail, agus leanamar le comhoibriú go rathúil leo.

Ar leibhéal na heagraíochta, d'fheidhmigh Foireann Ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna mar Fhoireann Bhainistíochta Freagartha Covid-19 le linn na bliana 2021, agus í ag stiúradh ár mball foirne agus ag obair trí na trí phríomhcholún eagraíochta, is iad sin: an Líonra Príomhoidí, an Fhoireann Bhainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna, agus an Fhoireann Oibríochtaí. Tharla sé go raibh an Fhoireann sin ina sásra éifeachtach le haghaidh faisnéis faoin timpeallacht shíorathraitheach a chur in iúl ar shlí chomhsheasmhach chomhleanúnach ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, atá faoi stiúir ag an gComh. Barbara-Anne Murphy, Cathaoirleach, agus ag an gComh. Lola O'Sullivan, Leas-Chathaoirleach, as an bhformhaoirseacht a rinne sé, as an tacaíocht a thug sé agus as an díograis a léirigh sé go leanúnach. Gabhaim buíochas freisin leis an roinnt mhaith coistí agus Bord Bainistíochta atá againn agus ar a mbraithimid go mór agus leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus lenár mbaill foirne as gach a ndéanann siad.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, atá faoi stiúir ag an gComh. Barbara-Anne Murphy, Cathaoirleach, agus ag an gComh. Lola O'Sullivan, Leas-Chathaoirleach, as an bhformhaoirseacht a rinne sé, as an tacaíocht a thug sé agus as an díograis a léirigh sé go leanúnach. Gabhaim buíochas freisin leis an roinnt mhaith coistí agus Bord Bainistíochta atá againn agus ar a mbraithimid go mór agus leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus lenár mbaill foirne as gach a ndéanann siad.



Kevin Lewis
Príomhfheidhmeannach

3: Cúlra agus Rialachas

Ár bhFís
Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman leis an bhfoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach, sofhreagrach agus nuálach a sholáthar inár bpobal.

Ár Misean
Is é an misean atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman raon leathan clár oideachais agus oiliúna, seirbhísí agus tacaí a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus d'aosaigh ar fud réigiún Phort Láirge-Loch Garman.

Ár gCroíluachanna
- Meas
- Cuntasacht
- Díriú ar an bhFoghlaimeoir
- Cáilíocht

Ráiteas Straitéise
Tá ár Ráiteas Straitéise, ar cheadaigh Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna é i mí na Bealtaine 2018, ceaptha chun bonn eolais a chur faoi phleanáil amach anseo laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna don tréimhse 2018-2022 agus chun an obair sin a threorú. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a sheoladh (i gcomhar le raon leathan geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha). Áiríodh leis an bpróiseas sin Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, boird bhainistíochta, baill foirne, mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimeoirí aosacha, leasanna gnó agus eacnamaíocha, fostóirí, údaráis áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile (féach an Achoimre Feidhmiúcháin sa Phlean Straitéiseach). Léiríodh go soiléir le linn an phróisis comhairliúcháin go mbíonn baill foirne agus geallsealbhóirí ag obair i dtreo sprioc choiteann, is é sin: timpeallacht chuimsitheach thacúil a fhorbairt do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach. Gné lárnach dár bhfís a chomhlíonadh is ea cloí le prionsabail an ionracais agus an chomhionannais agus sinn ag obair agus ag déileáil le geallsealbhóirí. Rud bunúsach, creidimid gurb ann do chonair i dtreo foghlama do chách agus gur cheart an t-eispéireas oideachasúil a bheith ina eispéireas bunathraitheach do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí. Tá ár Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2023-2027 á fhorbairt againn faoi láthair. Cuirfear an plean sin faoi bhráid Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i mí Eanáir 2023 lena cheadú.

Struchtúir Rialachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
Mar atá leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is údarás áitiúil reachtúil oideachais agus oiliúna é an Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna faoi rialú ag Bord a chuimsíonn aon chomhalta is fiche. Áirítear leo sin dháréag ionadaithe san iomlán ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Loch Garman; beirt chomhaltaí ar thogh an fhoireann iad; beirt ionadaithe do thuismitheoirí/caomhnóirí; agus cúigear comhaltaí a bhfuil saineolas acu ar an oideachas agus an oiliúint, lena n-áirítear ionadaí d'fhoghlaimeoirí agus ionadaí don lucht gnó. Tacaíonn an bord bainistíochta ar gach coláiste de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le hobair na heagraíochta freisin.

De réir na bhfeidhmeanna forchoimeádta atá leagtha amach in alt 12(i) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, bhunaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna dhá Choiste faoi alt 45 den Acht chun tacú lena chuid oibre. Is iad sin:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Airgeadais

De réir na bhfeidhmeanna forchoimeádta atá leagtha amach in alt 12(i) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, chuir an Bord Oideachais agus Oiliúna roinnt Coistí i bhfeidhm faoi alt 44 den Acht chun tacú lena chuid oibre. Is iad sin:

- An Coiste Obair Óige

- Coistí Limistéir: Coiste Limistéir Chathair agus Chontae Phort Láirge; Coiste Limistéir Loch Garman Theas; agus Coiste Limistéir Loch Garman Thuaidh
- Coiste Ógtheagmhála

Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna de réir ailt 12 agus 13 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, i ndáil leis na feidhmeanna forchoimeádta a gcuireann an Bord i gcrích iad agus i ndáil leis na feidhmeanna feidhmiúcháin a gcuireann an fhoireann bhainistíochta i gcrích iad.

Comhlíonadh

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird: Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ceanglaítear le halt 51 den Acht go gcoimeádfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord na nithe seo a leanas a dhéanamh:
(a) na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh ráitis airgeadais ó Bhord Oideachais agus Oiliúna a ullmhú a chur i bhfeidhm
(b) breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh
(c) aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina gcuirtear staid airgeadais an Bhoird in iúl le cruinneas réasúnach aon tráth agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuirtear i láthair go cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid gnóthaí an Bhoird.

Deimhníonn Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an méid seo a leanas:

- Glacadh an Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, rud a eisíodh sa bhliain 2019, agus comhlíonann an Bord Oideachais agus Oiliúna ceanglais nuashonraithe an Chóid ina chuid cleachtas agus nósanna imeachta rialachais.
- Cuireadh Tuarascáil rúnda ón gCathaoirleach maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh faoi bhráid an Aire. Rinneadh an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, a bheidh faoi réir athrú go dtí go gcuirfear an t-iniúchadh seachtrach i gcrích, a chur ar áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus mar aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil Chuimsitheach ón gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.
- Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain 2021.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go mbíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gur chomhlíon an Bord Oideachais agus Oiliúna na hoibleagáidí atá air faoin dlí cánach.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go mbítear ag cloí leis an mbeartas ábhartha soláthair agus leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair agus go ndearnadh Plean Soláthair Chorparáidigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- Rinneadh measúnú ar na príomhrioscaí atá roimh an mBord Oideachais agus Oiliúna. Rinneadh mionsonraí faoi na rioscaí sin, nuair is cuí, agus faoi na bearta nó na straitéisí gaolmhara maolaithe a chur ar áireamh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach atá mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh d'aon mhí ó iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Feidhmeanna Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna: Is feidhmeanna feidhmiúcháin nó feidhmeanna forchoimeádta iad na feidhmeanna atá ag an mBord. Is é nó í an Príomhfheidhmeannach a chuireann feidhmeanna feidhmiúcháin i gcrích agus is é an Bord a chuireann feidhmeanna forchoimeádta i gcrích. Tá feidhmeanna forchoimeádta leagtha amach in alt 12(2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus tá siad achoimrithe mar a leanas:

Is iad feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna:

(a) scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
(b) nuair a ordóidh an tAire dó déanamh amhlaidh faoi alt 20:
    (i) scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    (ii) lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    (iii) lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
    (iv) saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme,
(c) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus soláthar an chéanna a athbhreithniú ina limistéar feidhme:
    (i) i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
    (ii) i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
    (iii) i scoileanna coinneála leanaí,
    (iv) i bpríosúin, agus
    (v) i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
(d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh de réir alt 22,
(e) scoláireachtaí a bhunú de réir alt 24,
(f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir alt 27,
(g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir alt 47,
(h) comhoibriú le haon chomhlacht a bheidh ainmnithe chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí faoi alt 52 a chur i gcrích,
(i) oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon chomhlacht, agus thar ceann aon chomhlacht, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
(j) tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus
(k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Ina theannta sin, sonraítear san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, feidhmeanna eile atá le comhlíonadh ag an mBord. Áirítear leo sin an Príomhfheidhmeannach a choinneáil cuntasach as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna a bhainistiú, de réir na reachtaíochta, de réir treoirlínte ón Roinn agus ó SOLAS, de réir na Straitéise agus an Phlean Cur Chun Feidhme ón Roinn Oideachais agus de réir an Phlean Seirbhíse.

Maidir le Príomhfheidhmeannach Boird Oideachais agus Oiliúna:

(a) déanfaidh sé nó sí feidhmeanna feidhmiúcháin an Bhoird a chomhlíonadh,
(b) soláthróidh sé nó sí don Bhord cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a theastóidh ón mBord sin ó am go ham,
(c) soláthróidh sé nó sí don Aire cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a theastóidh ón Aire ó am go ham,
(d) beidh sé nó sí cuntasach don Bhord as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

3.1 : COMHALTAÍ DE BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN

COMHALTAÍ DEN BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Comhaltaí ar thogh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad

An Comh. Pat Nugent
An Comh. Frank Quinlan
An Comh. Eddie Mulligan *(go mí Dheireadh Fómhair 2021)*
An Comh. Susan Gallagher *(go mí Mheán Fómhair 2021)*
An Comh. Lola O'Sullivan [Leas-Chathaoirleach]
An Comh. Tom Cronin *(ó mhí na Samhna 2021)*
An Comh. Cristíona Kiely *(ó mhí na Samhna 2021)*

Comhaltaí ar thogh Comhairle Contae Loch Garman iad

An Comh. Barbara-Anne Murphy [Cathaoirleach]
An Comh. Kathleen Codd-Nolan
An Comh. Mary Farrell
An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin
An Comh. Aidan Browne
An Comh. Leonard Kelly
An Comh. Garry Laffan

Comhaltaí is Baill Foirne

Sandra Fogarty Uas.
An tUas. Richard Byrnes

Comhaltaí is Tuismitheoirí

Finola Walsh Uas. *(go mí Mheán Fómhair 2021)*
Folamh

Comhaltaí ar ainmnigh na Comhlachtaí atá Sonraithe iad

Mary Ryan Uas.	Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha/Comhchoiste Bainisteoirí Chumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta/Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí
An tUas. Larry O'Brien *(go mí Eanáir 2021)*	Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann
An tUas. Pat Rath	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas – AHEAD
An tUas. Senan Lillis	Comhdháil na gCeardchumann
Kate Miskella Uas.	Comhdháil na gCeardchumann
Margaret Darrer Uas. *(ó mhí an Mhárta 2021)*	Cónaidhm Óstán na hÉireann

3.2 : FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD

Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Bhoird agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe								
Comhalta Boird	**Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu**							**Líon Iomlán Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu**
	12.01.21	23.02.21	30.03.21	11.05.21	29.06.21	14.09.21	16.11.21	
An Comh. Kathleen Codd-Nolan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
An Comh. Mary Farrell	✓	✓	✓	✓	x	x	X	4/7
An Comh. Barbara-Anne Murphy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
An Comh. Pat Nugent	✓	✓	✓	✓	✓	x	✓	6/7
An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin	✓	x	✓	✓	✓	x	X	4/7
An Comh. Lola O'Sullivan	✓	✓	✓	✓	✓	x	✓	6/7
Mary Ryan Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
Finola Walsh Uas. *(go mí Mheán Fómhair 2021)*	✓	✓	✓	✓	✓	--	--	5/5
An Comh. Aidan Browne	✓	✓	x	✓	✓	✓	✓	6/7
An tUas. Richard Byrnes	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6/7
Sandra Fogarty Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	6/7
An Comh. Leonard Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	6/7
An Comh. Gary Laffan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
An tUas. Senan Lillis	✓	✓	✓	x	✓	x	X	4/7
Kate Miskella Uas.	✓	✓	x	✓	✓	✓	✓	6/7
An Comh. Eddie Mulligan *(go mí Dheireadh Fómhair 2021)*	✓	✓	✓	x	x	✓	--	4/7
An tUas. Larry O'Brien *(go mí Eanáir 2021)*	--	--	--	--	--	--	--	0/7
An tUas. Pat Rath	x	✓	✓	✓	x	✓	✓	5/7
An Comh. Susan Gallagher *(go mí Mheán Fómhair 2021)*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	--	6/7
An Comh. Frank Quinlan	✓	x	✓	✓	✓	x	✓	5/7
Margaret Darrer Uas. *(ó mhí an Mhárta 2021)*	--	--	✓	✓	✓	✓	✓	5/5
An Comh. Tom Cronin *(ó mhí na Samhna 2021)*	--	--	--	--	--	--	✓	1/1
An Comh. Cristíona Kiely *(ó mhí na Samhna 2021)*	--	--	--	--	--	--	✓	1/1

Seasann ✓ do chruinnithe ar freastalaíodh orthu *Seasann --- do thréimhsí nach raibh daoine aonair ina gcomhaltaí boird lena linn*
Seasann x do chruinnithe nár freastalaíodh orthu/a bhfuarthas leithscéalta ina leith

3.3 : COISTÍ BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN - 2021

Comhaltas den Choiste Airgeadais

An tUas. Michael Veale (Cathaoirleach)	Comhalta Seachtrach
An tUas. Denis McCarthy	Comhalta Seachtrach
An tUas. David Doyle	Comhalta Seachtrach
An tUas. John Murphy *(ó mhí Feabhra 2021)*	Comhalta Seachtrach
Anita Power Uas. *(ó mhí na Bealtaine 2021)*	Comhalta Seachtrach
Lynda Lacey Uas. *(ó mhí na Bealtaine 2021)*	Comhalta Seachtrach
An Comh. Pat Nugent	Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna
An tUas. Larry O'Brien (go mí Eanáir 2021)	Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna

Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Choiste Airgeadais agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe

Comhalta Coiste	Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu					Líon Iomlán Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
	17.02.21	24.03.21	26.05.21	13.10.21	08.12.21	
Comhaltaí Seachtracha den Choiste:						
An tUas. Michael Veale (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	5/5
An tUas. Denis McCarthy	✓	✓	✓	✓	✓	5/5
An tUas. David Doyle	x	✓	✓	✓	✓	4/5
An tUas. John Murphy	-	✓	✓	✓	✓	4/5
Anita Power Uas.	-	-	✓	✓	✓	3/3
Lynda Lacey Uas.	-	-	✓	✓	✓	3/3
Comhaltaí den Choiste is comhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna:						
An Comh. Pat Nugent	✓	✓	✓	✓	✓	5/5
An tUas. Larry O'Brien *(*a d'éirigh as an ról mar Chomhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna an 12.01.21)*	-	-	-	-	-	

Seasann ✓ do chruinnithe ar freastalaíodh orthu *Seasann - do thréimhsí nach raibh daoine aonair ina gcomhaltaí boird lena linn*
Seasann x do chruinnithe nár freastalaíodh orthu/a bhfuarthas leithscéalta ina leith

Comhaltas den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

An Comh. Jim Moore (Cathaoirleach)	Comhalta Seachtrach
Elaine Sheridan Uas.	Comhalta Seachtrach
An tUas. Michael J. O'Ryan	Comhalta Seachtrach
An tUas. John Cuddihy	Comhalta Seachtrach
An Comh. Kathleen Codd-Nolan	Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna
An Comh. Lola O'Sullivan	Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna

Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe

Comhalta Coiste	Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu					Líon Iomlán Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
	20.01.21	15.03.21	23.06.21	29.09.21	01.12.21	
Comhaltaí Seachtracha den Choiste:						
An Comh. Jim Moore (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	5/5
Elaine Sheridan Uas.	✓	✓	✓	✓	x	4/5
An tUas. Michael J. O'Ryan	✓	✓	✓	x	✓	4/5
An tUas. John Cuddihy	✓	✓	✓	✓	x	4/5
Comhaltaí den Choiste is comhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna:						
An Comh. Kathleen Codd-Nolan	✓	x	✓	✓	✓	4/5
An Comh. Lola O'Sullivan	x	✓	✓	✓	✓	4/5

Seasann ✓ do chruinnithe ar freastalaíodh orthu *Seasann - do thréimhsí nach raibh daoine aonair ina gcomhaltaí boird lena linn*
Seasann x do chruinnithe nár freastalaíodh orthu/a bhfuarthas leithscéalta ina leith

Comhaltas de Choistí eile Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Coiste Ógtheagmhála

An Comh. Pat Nugent (Cathaoirleach)
An Comh. Aidan Browne
An tUas. Brian Mulvihill
Andrea Watters Uas.
An Comh. Leonard Kelly
Gráinne O'Donoghue Uas.
An tUas. Alan Walsh

An Coiste Obair Óige

An Comh. Aidan Browne
An Comh. Pat Nugent
Alison Parle Uas.
An tUas. Ollie Breslin
Majella Finnegan Uas.
Sarah Dunleavy Uas.
An Comh. Garry Laffan
Julie Somers Uas.
Sheila Barrett Uas.
An tUas. Kieran Donohoe
An tUas. Conor Carberry
Megan Keating Uas.

Coistí Limistéir Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Tacaíonn comhaltaí den fhoireann feidhmiúcháin leis na trí Choiste Limistéir de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:

Ionadaí don Fhoireann Ardbhainistíochta
Príomhoidí Iar-bhunscoileanna
Ionadaithe don Bhreisoideachas agus Oiliúint
Ionadaí do Sheirbhísí Óige

Coiste Limistéir Chathair agus Chontae Phort Láirge

An Comh. Lola O'Sullivan
An Comh. Frank Quinlan
An Comh. Eddie Mulligan *(go mí Dheireadh Fómhair 2021)*
Sandra Fogarty Uas.
Margaret Darrer Uas. *(ó mhí an Mhárta 2021)*
An Comh. Pat Nugent
Mary Ryan Uas.
An Comh. Susan Gallagher *(go mí Mheán Fómhair 2021)*
An Comh. Tom Cronin *(ó mhí na Samhna 2021)*
An Comh. Cristíona Kiely *(ó mhí na Samhna 2021)*

Coiste Limistéir Loch Garman Thuaidh

An Comh. Mary Farrell
An Comh. Kathleen Codd-Nolan
An Comh. Aidan Browne
An tUas. Pat Rath
An Comh. Barbara-Anne Murphy
An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin
An tUas. Senan Lillis

Coiste Limistéir Loch Garman Theas

An Comh. Garry Laffan
An tUas. Richard Byrnes
Finola Walsh Uas. *(go mí Mheán Fómhair 2021)*
Kate Miskella Uas.
An Comh. Leonard Kelly
An tUas. Larry O'Brien *(go mí Eanáir 2021)*

3.4 : FOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN

Príomhfheidhmeannach	An tUas. Kevin Lewis
Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta	An Dr Karina Daly
Stiúrthóir Scoileanna	Eimear Ryan Uas.
Stiúrthóir um Breisoideachas agus Oiliúint	An tUas. Ken Whyte
Bainisteoir Nuálaíochta agus Forbartha	An tUas. Michael O'Brien
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Anne-Marie Jones Uas.
Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha	An tUas. Fintan O'Reilly
Bainisteoir Airgeadais	An tUas. Owen O'Mahony

4: Forbhreathnú ar Sheirbhísí – 2021

Láthair na nIonad laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna

Láithreacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa bhliain 2022
Pobalscoil Náisiúnta
Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Loch Garman
Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta
Coláiste Bhaile an Droichid, Co. Loch Garman
Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman
Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman
Coláiste Dhún Garbhán (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
Meánscoil San Nioclás
Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge
Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna*
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge
Durands Court, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge
Ionad Oideachais Aosach Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge
Loch Garman (Breisoideachas agus Oiliúint, Oideachas Aosach)
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Bháin, Loch Garman
Ionaid Oiliúna
Ionad Oiliúna Chill Chuacháin
Ionad Oiliúna Phort Láirge
Ionad Oiliúna Loch Garman
Oideachas agus Oiliúint Allamuigh
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman
Ionaid Ógtheagmhála
Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Port Láirge
Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge
Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge
Ionad Ógtheagmhála Loch Garman
Oifigí Riaracháin
Ard Chaomháin, Loch Garman
Dún Garbhán, Port Láirge
Ionad Oiliúna Phort Láirge
Pobalscoileanna (a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu)
Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Port Láirge
Pobalscoil Ghuaire, Loch Garman
Pobalscoil na Gráinsí, Loch Garman

* Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn.

5: Oideachas Bunleibhéil agus Oideachas Dara Leibhéal

Rolluithe Bunleibhéil sa bhliain 2021

Ainm na Scoile	Rolluithe amhail an 30/09/2021
Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach	33

Rolluithe Coláiste sa bhliain 2021

Ainm na Scoile	Rolluithe amhail an 30/09/2021	
	An Dara Leibhéal	Iar-Ardteistiméireacht
Coláiste Bhaile an Droichid	554	0
Gairmcholáiste Bhun Clóidí	256	0
Coláiste Abbáin	373	0
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise	357	38
Coláiste Creagh	985	0
Coláiste Dhún Garbhán*	237	156
Gairmcholáiste Inis Córthaidh	405	139
Coláiste Uí Chinnéide	163	7
Meánscoil San Nioclás	171	0
Coláiste Sheilsceire	396	72
Coláiste Pobail Naomh Déaglán	812	0
Coláiste Pobail Naomh Pól	626	0
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge*	0	655
Iomlán na Rolluithe Coláiste	**5335**	**1,067***

***Áirítear leis an líon iomlán mac léinn agus foghlaimeoirí sa ghrafaic faisnéise ar leathanach 13 (20,783) tairbhithe Iar-Ardteistiméireachta, seachas rolluithe Iar-Ardteistiméireachta amhail an 30/9/21 mar atá sa tábla thuas.*

Ranganna Oíche sa bhliain 2021

	Cúrsaí	Mic Léinn
Líon Iomlán Mac Léinn Ranga Oíche (A soláthraíodh i gColáiste Breisoideachais Phort Láirge – Fómhar 2021)	8	118

6: Breisoideachas agus Oiliúint

Soláthar Clár Breisoideachais agus Oiliúna - Toradh sa bhliain 2021		
Clár	**Cúrsaí**	**Tairbhithe**
Oideachas Pobail		
Oideachas Pobail	**297**	**2134**
Cláir Lánaimseartha		
Oiliúint Printíseachta	77	1,255
Oiliúint Chumaisc	16	47
Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna	17	85
Ionaid Oiliúna Pobail	22	205
Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna	39	372
An Clár Iar-Ardteistiméireachta	212	2,320
Cláir Shainoiliúna	15	112
Oiliúint Scileanna Sonracha	35	236
Cúrsaí Oiliúna	39	240
VTOS	152	546
Ógtheagmháil	49	480
Scileanna chun Dul Chun Cinn (Bealach 1)	719	719
Iomlán na gClár Lánaimseartha	**875**	**6,617**
Litearthacht Aosach	630	2,372
Grúpaí BTEI	229	1,068
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)	325	1,638
Oiliúint Oíche	224	615
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna	4	140
Athshocrú Dídeanaithe	8	79
Scileanna don Obair	51	195
Scileanna chun Dul Chun Cinn (Bealaí 2 agus 3)	29	252
Iomlán na gClár Páirtaimseartha	**1,500**	**6,359**
Cistiú Eile		
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge	3	59
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin	2	8
IOMLÁN: NA CLÁIR UILE	**2,313**	**15,110**

7: Airgeadas

Nóta: Ráitis Airgeadais:

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla don bhliain 2021. Foilseoidh an Bord Oideachais agus Oiliúna na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ó cheadú a fháil ón Roinn Oideachais chun iad a fhoilsiú.

Tá sonraí airgeadais i ndáil leis na nithe seo a leanas ar áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Táillí nach mbaineann le Tuarastal a íocadh i leith comhaltaí Coiste;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe;
- Sochair iarfhostaíochta;
- Sochair foirceanta;
- Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta, más ann;
- An líon fostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe sa raon idir €0 agus €59,999;
- An líon fostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe sa raon idir €60,000 agus €69,999, agus iad miondealaithe ina mbandaí pá €10,000; agus
- An figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir.

8: Cur Chun Feidhme na Spriocanna Straitéiseacha – 2021

Cur Chun Feidhme sa bhliain 2021

Sainaithníodh tosaíochtaí ar fud ceithre sprioc faoi bhun théarmaí an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an Bord Oideachais agus Oiliúna. Is iad seo a leanas na tosaíochtaí sin:

1. Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú; 2. Tacaíocht Foirne; 3. Rialachas; 4. Cláir Chosanta.

Tá tosaíochtaí agus gníomhartha sonracha le haghaidh na tosaíochtaí sin a bhaint amach mionsonraithe sa tábla thíos:

Sprioc 1: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú		
Tosaíocht	**Gníomh**	**Toradh**
Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe	- Leanfar le forbairt ghairmiúil leanúnach i bprionsabail Magenta a sholáthar go cianda. Tabharfar cuireadh do rannpháirtithe ceachtanna a chur le Mol Digiteach Magenta. Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití. Seolfar cruinnithe cianda idir Foireann Magenta agus an Comhordaitheoir Oideachais do gach scoil. Soláthrófar oiliúint i dTeicneolaíocht Chúnta do chúntóirí riachtanas speisialta.	- Cuireadh an Clár um Prionsabail Magenta don bhliain acadúil 2020/21 i gcrích go cianda. Bhí an clár don bhliain acadúil 2021/22 le tosú i mí Mheán Fómhair, ach cuireadh ar atráth é mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm agus ar an easpa cumhdaigh ionaid a bhí ar fáil i scoileanna ag an am.
	- Cuirfear tionscadail bhonneagair ar aghaidh do roinnt mórthionscadal scoile, lena n-áirítear iar-bhunscoil nua i mBaile Loch Garman, Coláiste Bhaile an Droichid, Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Coláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, Meánscoil San Nioclás, agus togra le haghaidh Coláiste Pobail Naomh Pól i bPort Láirge a leathnú ina scoil 1000 mac léinn.	- Cuireadh iarratais ar chóiríocht bhreise do mhí Mheán Fómhair 2022 isteach do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, do Choláiste Pobail Naomh Pól, do Choláiste Abbáin agus do Choláiste an Átha. - Ceannaíodh láithreán chun síneadh a éascú ag Meánscoil San Nioclás. - Seoladh díospóireacht leanúnach leis an Roinn Oideachais maidir le gach tionscadal tógála scoile agus maidir le gach trealamh seomra phraiticiúil. - Glacadh leis na tograí le haghaidh Choláiste Bhun Clóidí agus Choláiste Bhaile an Droichid in athbhreithniú Chéim 1.
	- Cuirfear ar aghaidh an chomhpháirtíocht atá ar bun le Comhairle Contae Loch Garman chun Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú go Loch Charraig an Phoill ag Sliabh Fhothart, Loch Garman.	- Seoladh cruinnithe comhpháirtíochta le Comhairle Contae Loch Garman ar fud na bliana 2021. Cuireadh anailís costais is tairbhe i gcrích ar an Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh atá beartaithe, le tacaíocht ó PwC.
	- Cuirfear 700 feiste ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste.	- Ceannaíodh feistí agus cuireadh ar fáil d'fhoghlaimeoirí iad.
	- Ceapfar Oifigeach Rochtana agus Míchumais chun tacú le foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna inár gcuid ionad agus coláistí. Soláthrófar tuilleadh oiliúna tríd an Aonad um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil.	- Ceapadh Oifigeach Rochtana agus Cuimsithe. - Trí Phobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais, scaipeadh Beartas teimpléadach Cuimsithe Scoile Uile ar gach scoil lena ghlacadh agus lena chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil.
	- Soláthrófar saoráid nua le haghaidh Ionad Ógtheagmhála Ghuaire agus soláthrófar cistin oiliúna in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí.	- Osclaíodh saoráid Ionad Ógtheagmhála Ghuaire.

Curaclam leathan a sholáthar	- Tabharfar tacaíocht leanúnach chun gur féidir forbairt a dhéanamh ar Ghearrchúrsaí nua atá sonrach do na riachtanais atá ag scoileanna aonair.	- Lean scoileanna le curaclaim éagsúla a thairiscint chun freastal ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí.
Córais Dearbhú Cáilíochta a chur chun feidhme	- Déanfar obair leanúnach ullmhúcháin don athbhreithniú moillithe tionscnaimh ar na córais dearbhú cáilíochta breisoideachais agus oiliúna atá i bhfeidhm laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Cuirfear na doiciméid isteach i bhFómhar na bliana 2021.	- Cuireadh an t-athbhreithniú ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar an soláthar breisoideachais agus oiliúna i gcrích go rathúil. - Rannchuidigh an Fhoireann Foghlama Digití leis an athbhreithniú trí fhorbhreathnú a thabhairt ar chomhoibriú agus ar an gconair mholta oiliúna do chleachtóirí breisoideachais agus oiliúna.
Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha	- Cuirfear 700 feiste ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste. - Ceapfar Oifigeach Rochtana agus Míchumais chun tacú le foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna inár gcuid ionad agus coláistí. Soláthrófar tuilleadh oiliúna tríd an Aonad um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil.	- Cuireadh feistí ar fáil do gach foghlaimeoir. - Ceapadh Oifigeach Rochtana agus Cuimsithe. - Cuireadh deiseanna chun tabhairt faoi oiliúint tríd an Aonad um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil Breisoideachais agus Oiliúna chun cinn go rialta tríd an ríomhphost agus tríd an Inlíon.
Seirbhísí treorach agus comhairliúcháin a sholáthar	- Bunófar Pobail Chleachtais nua le haghaidh Treoirchomhairleoirí. - Imlonnófar treoirchomhairleoir breise chun obair i gcomhar le foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna ar mhaithe le feasacht a mhéadú ar na deiseanna atá ar fáil sa bhreisoideachas agus oiliúint agus san oideachas tríú leibhéal. - Leanfaidh treoirchomhairleoirí in iar-bhunscoileanna le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí de réir mar a théann siad ar aghaidh chuig an mbreisoideachas nó chuig an ardoideachas. - Soláthrófar treoir do rannpháirtithe Ógtheagmhála, d'oiliúnaithe, do phrintísigh agus d'fhoghlaimeoirí aosacha athdheise freisin.	- Bunaíodh Pobail Chleachtais i mí an Mhárta 2021. - Ceapadh Treoirchomhairleoir.
Saoráidí foghlama/oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar	- Cuirfear tionscadail bhonneagair ar aghaidh do roinnt mórthionscadal scoile, lena n-áirítear iar-bhunscoil nua i Loch Garman, Coláiste Bhaile an Droichid, Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Coláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, Meánscoil San Nioclás, agus togra le haghaidh Coláiste Pobail Naomh Pól i bPort Láirge a leathnú ina scoil 1000 mac léinn. - Soláthrófar saoráid nua le haghaidh Ionad Ógtheagmhála Ghuaire agus soláthrófar cistin oiliúna in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí.	- Cuireadh iarratais ar chóiríocht bhreise do mhí Mheán Fómhair 2022 isteach do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, do Choláiste Pobail Naomh Pól, do Choláiste Abbáin agus do Choláiste an Átha. - Ceannaíodh láithreán chun síneadh a éascú ag Meánscoil San Nioclás. - Seoladh díospóireacht leanúnach leis an Roinn Oideachais maidir le gach tionscadal tógála scoile agus maidir le gach trealamh seomra phraiticiúil. - Glacadh leis na tograí le haghaidh Choláiste Bhun Clóidí agus Choláiste Bhaile an Droichid in athbhreithniú Chéim 1. - Osclaíodh saoráid Ionad Ógtheagmhála Ghuaire.

Oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt	- Cuirfear ar aghaidh an chomhpháirtíocht atá ar bun le Comhairle Contae Loch Garman chun Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú go Loch Charraig an Phoill ag Sliabh Fhothart, Loch Garman.	- Cuireadh comhaontú i bhfeidhm chun stóráil a lonnú ag Sliabh Fhothart chun soláthar cúrsaí a éascú sa bhliain 2022.
Pleanáil le haghaidh déimeagrafaic a bhíonn ag athrú	- Soláthrófar iar-bhunscoil nua i Loch Garman chun freastal ar an éileamh. - Saothrófar an togra le haghaidh Coláiste Pobail Naomh Pól a leathnú ina scoil 1000 mac léinn.	- Seoladh díospóireacht leanúnach leis an Roinn Oideachais maidir leis an dá thionscadal agus maidir le hiarratais ar Chóiríocht Bhreise Scoile do chóiríocht shealadach eatramhach. - Cuireadh an Réamhdhearadh ar aghaidh le haghaidh iar-bhunscoil nua i gCluain Ioraird, Loch Garman. - Fuarthas litir intinne ón Roinn Oideachais i ndáil le Coláiste Pobail Naomh Pól.
Dul i dteagmháil go héifeachtach le fostóirí	- Leathnóidh an tAonad um Sheirbhísí do Ghnó a chuid seirbhísí chuig fostóirí breise tríd an gclár um Scileanna chun Dul Chun Cinn.	- Tháinig fás leanúnach ar an líon fostóirí a bhaineann leas as seirbhísí an Aonaid um Sheirbhísí do Ghnó.
Cláir cúrsaí oiliúna agus cláir phrintíseachta a fhorbairt agus a sholáthar	- Tairgfear cúrsa réamhphrintíseachta in dhá Choláiste Iar-Ardteistiméireachta sa bhliain 2021. - Cumasófar do Choláistí Iar-Ardteistiméireachta cláir scileanna chun dul san iomaíocht agus cláir phrintíseachta a thairiscint.	- Tairgeadh cúrsaí réamhphrintíseachta sa bhliain 2021. - Tá cúrsaí printíseachta á dtairiscint in dhá Choláiste Iar-Ardteistiméireachta anois, is iad sin: Coláiste Breisoideachais Phort Láirge agus Coláiste Pobail Inis Córthaidh. - Soláthraíodh cúrsa réamhphrintíseachta i gColáiste Breisoideachais Phort Láirge. Ní raibh dóthain éilimh ann i gColáiste Pobail Inis Córthaidh.
A chinntiú go bhfuil na bearta uile um chumhdach leanaí i bhfeidhm, de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017	- Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích. - Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna. - Cuirfear Oiliúint Cosanta Leanaí do Bhoird Bhainistíochta ar áireamh san oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa bhliain 2021.	- Rinne gach Bord Bainistíochta ar iar-bhunscoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil. - Rinneadh cigireachtaí Cumhdaigh Leanaí ar dhá scoil. - Reáchtáladh oiliúint do gach comhalta Boird Bainistíochta, lenar áiríodh rannán maidir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.
Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna	- Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le hobair i gcomhpháirt le Comhairle Contae Loch Garman chun Féile WexSci a reáchtáil le linn Sheachtain na hEolaíochta. - Forbrófar irisleabhar eolaíochta d'iar-bhunscoileanna sa bhliain 2021, rud ina gcuimseofar tionscadail a cistíodh mar chuid d'Fhéile WexSci sa bhliain 2020. - Leanfar le rannpháirtíocht bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon a chothú sna Saotharlanna Déantúsaíochta in Inis Córthaidh agus i Ros Mhic Thriúin.	- D'oibrigh an Bord Oideachais agus Oiliúna i gcomhpháirt le Comhairle Contae Loch Garman chun Féile WexSci a reáchtáil le linn Sheachtain na hEolaíochta. - Rinneadh seoladh Irisleabhar Eolaíochta nua an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a iarchur arís eile go dtí an bhliain acadúil 2022/23.

	- Oibreoidh an Bord Oideachais agus Oiliúna leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun modúil a fhorbairt d'Ionaid Ógtheagmhála agus d'iar-bhunscoileanna maidir le bailiú agus sainaithint sonraí i ngnáthóg cladaigh agus fálta sceach. - Bunófar Deontas Taighde Eolaíochta de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa bhliain acadúil 2020/2021. Beidh an deontas ar fáil do gach scoil. Foilseofar Irisleabhar Eolaíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	- Sheol an Bord Oideachais agus Oiliúna modúil maidir le Fálta Sceach agus maidir le Bithéagsúlacht Mhuirí, a forbraíodh i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta lena n-úsáid i scoileanna agus in ionaid. Fuair baill foirne oiliúint sna modúil. - Lean an Bord Oideachais agus Oiliúna le Deontas Taighde Eolaíochta a thairiscint do mhic léinn. Dámhadh sparánacht do cheithre scoil.
Tacaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a sholáthar i scoileanna/ionaid	- Déanfar Straitéis TFC a fhorbairt agus a chur chun feidhme don eagraíocht. - Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar an Straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta mar chuid den Straitéis TFC don Bhord Oideachais agus Oiliúna.	- Rinneadh na cuspóirí a bhí ann cheana faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna a leabú tuilleadh le linn na bliana 2021. Lean an Fhoireann Foghlama Digití le tacaí a sholáthar. - Socraíodh go bhforbrófaí an Straitéis TFC ar aon dul le ráiteas straitéise na heagraíochta don tréimhse 2023-2027.

Sprioc 2: Tacaíocht Foirne		
Tosaíocht	**Gníomh**	**Toradh**
Baill foirne a earcú agus a choinneáil	- Oibreofar i gcomhar leis an Roinn Oideachais chun cur chun feidhme a dhéanamh ar an gcroímhodúl uasghradaithe le haghaidh ríomh-Earcaíochta.	- Cuireadh obair ullmhúcháin isteach chun an modúl ríomh-Earcaíochta a fhorbairt. Aistreofar chuig an modúl nua ríomh-Earcaíochta ar líne tar éis an aistrithe chuig seirbhísí comhroinnte Párolla.
Tacú le baill foirne gabháil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach	- Déanfar beartas agus nósanna imeachta nua Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme do gach ball foirne laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.	- Rinneadh an beartas Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme. - Soláthraíodh oiliúint bainistíochta agus ceannaireachta do Bhainisteoirí Acmhainní Daonna agus do cheannairí foirne sa réimse acmhainní daonna. - Fuarthas iarratais ó roinnt ball foirne scoilbhunaithe agus deonaíodh cistiú de réir mar ba chuí.
Ceannaireacht ar ardchaighdeán a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus tacaíocht a thabhairt di	- Leanfar le Fóram Leas-Phríomhoidí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt. - Déanfar iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do shealbhóirí an phoist mar Leas-Phríomhoide 1 i scoileanna. - Seolfar clár neartú foirne agus ceannaireachta don Fhoireann Ardbhainistíochta.	- Bunaithe ar sheisiúin rialta faisnéise a tionóladh le foirne ardbhainistíochta scoile ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh de dheasca phaindéim Covid-19, thángthas ar chomhaontú go gcuirfí leas-phríomhoidí ar áireamh i seisiúin den sórt sin sa todhchaí. - Bunaíodh fóram le haghaidh leas-phríomhoidí ar Microsoft Teams. - Cuireadh tús leis an gClár Ceannaireachta Sinsearaí Scoile dar teideal 'An tUalach a Chomhroinnt' i mí Dheireadh Fómhair 2021. Díríodh lena linn ar Chiorclán 0003/2018 agus ar cheannairí sinsearacha scoile a chumasú tacú le meáncheannairí i scoileanna.
Feasacht a chothú ar shláinte agus sábháilteacht	- Cuirfear clár iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta i gcrích i Scoileanna, in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus in oifigí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. - Cuirfear oiliúint Freagróra Garchabhrach i gcrích do gach freagróir garchabhrach a sainaithníodh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. - Cuirfear oiliúint Maoir Dóiteáin i gcrích do gach maor dóiteáin. - Cuirfear cláir rioscaí i bhfeidhm do sheomraí ranga agus do sheomraí in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus cuirfear oiliúint i sainaithint riosca i gcrích. - Cuirfear oiliúint i Nósanna Imeachta Oibríochta Sábháilte i gcrích do mhúinteoirí ábhar praiticiúil.	- Cuireadh clár iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta i gcrích i Scoileanna, in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus in oifigí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. - Cuireadh oiliúint Freagróra Garchabhrach i gcrích do gach freagróir garchabhrach a sainaithníodh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. - Cuireadh oiliúint Maoir Dóiteáin i gcrích do gach maor dóiteáin. - Cuireadh cláir rioscaí i bhfeidhm do sheomraí ranga agus do sheomraí in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus cuireadh oiliúint i sainaithint riosca i gcrích. - Cuireadh oiliúint i Nósanna Imeachta Oibríochta Sábháilte i gcrích do mhúinteoirí ábhar praiticiúil.
Timpeallacht oibre atá dearfach agus tacúil a sholáthar	- Déanfar cumarsáid le baill foirne maidir leis na tionscnaimh leanúnacha atá ar fáil tríd an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (Spectrum.Life).	- Rinneadh cumarsáid rialta le baill foirne maidir leis an tairiscint atá ar fáil tríd an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe. Cuireadh faisnéis ar fáil ar an Inlíon freisin.

	- Leanfar le seisiúin folláine a eagrú do bhaill foirne ar bhonn rialta.	- Rinneadh seisiúin folláine ar líne a sceidealú agus a chur i gcrích sa bhliain 2021, le tacaíocht ón gClár Cúnaimh d'Fhostaithe.
Tacú le folláine foirne	- Déanfaidh an Coiste Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa laistigh den Cheannoifig, Ard Chaomháin, iniúchadh ar a indéanta atá sé tionscnaimh a thabhairt isteach chun cultúr sláinte agus folláine ag an obair a leabú (e.g., Éadaí Neamhfhoirmeálta ar an Aoine; ranganna oíche áineasa a reáchtáil tríd an mBord Oideachais agus Oiliúna; grúpaí reatha, siúil agus ióga a reáchtáil ag am lóin; agus tathantóirí a shainaithint ag láithreacha éagsúla). - Forbrófar plean folláine do bhaill foirne i scoileanna, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh smaointe a chomhroinnt, tacaíocht a thabhairt do chomhghleacaithe agus sosanna gluaiseachta a thógáil le linn cruinnithe.	- Níor cuireadh an obair seo i gcrích. Níor athosclaíodh oifigí ina n-iomláine sa bhliain 2021 de dheasca phaindéim Covid-19. - Socraíodh go ndéanfaí é seo mar chuid den Straitéis don tréimhse 2023-2027, faoin téama Sláinte agus Folláine.

Sprioc 3: Rialachas		
Tosaíocht	**Gníomh**	**Toradh**
Struchtúir agus córais eagraíochta a fhorbairt chun freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta	- Cuirfear próiseas comhairliúcháin i gcrích, lena n-áirítear seisiúin fócasghrúpa agus agallaimh duine le duine, chun aiseolas a bhailiú faoi phróisis acmhainní daonna. - Cuirfear Athbhreithniú Acmhainní Daonna i gcrích agus cuirfear moltaí an Athbhreithniúcháin chun feidhme.	- Cuireadh an tAthbhreithniú Acmhainní Daonna i gcrích, tar éis próiseas iomlán comhairliúcháin. Ceapadh Grúpa Stiúrtha a bhfuil saineolas seachtrach aige chun obair an Athbhreithniúcháin Acmhainní Daonna a bhainistiú. - Comhaontaíodh plean cur chun feidhme. - Soláthraíodh oiliúint bainistíochta agus ceannaireachta do Bhainisteoirí Acmhainní Daonna agus do cheannairí foirne.
Airgeadas agus riosca a bhainistiú go héifeachtach	- Bainisteofar Cláir Rioscaí agus an bunachar sonraí gaolmhar	- Rinneadh nuashonrú agus faireachán rialta ar Chláir Rioscaí (don Fheidhm Chorparáideach, do Bhreisoideachas agus Oiliúint agus do Scoileanna), agus na nuashonruithe á dtuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn rialta.
Acmhainní a úsáid go héifeachtúil	- Forbrófar suíomh Inlín don Bhord Oideachais agus Oiliúna, mar aon le suíomh Gréasáin don Bhord.	- Rinneadh suíomh Inlín a fhorbairt agus a chur chun feidhme don Bhord Oideachais agus Oiliúna.
Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach	- Forbrófar meabhrán tuisceana le hOideachas Le Chéile don iar-bhunscoil nua i Loch Garman. - Forbrófar meabhrán tuisceana le Comhairle Contae Loch Garman i ndáil leis an gcéim eatramhach d'aistriú an Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh chuig Loch Charraig an Phoill agus i ndáil le saoráidí a fhorbairt ag an láthair nua.	- Forbraíodh meabhrán tuisceana le hOideachas Le Chéile sa bhliain 2020. - Dréachtaíodh meabhrán tuisceana idir an Bord Oideachais agus Oiliúna agus Comhairle Contae Loch Garman i ndáil leis an gcomhpháirtíocht ag Sliabh Fhothart.
Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le geallsealbhóirí seachtracha	- Forbrófar meabhrán tuisceana le hOideachas Le Chéile don iar-bhunscoil nua i Loch Garman. - Forbrófar meabhrán tuisceana le Comhairle Contae Loch Garman i ndáil leis an gcéim eatramhach d'aistriú an Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh chuig Loch Charraig an Phoill agus i ndáil le saoráidí a fhorbairt ag an láthair nua.	- Forbraíodh meabhrán tuisceana le hOideachas Le Chéile don iar-bhunscoil nua i Loch Garman.
Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú	- Soláthrófar oiliúint athnuachana do scoileanna agus d'ionaid ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.	- Soláthraíodh oiliúint do scoileanna ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i mí an Mheithimh 2021.
Dul i dteagmháil go héifeachtach le geallsealbhóirí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt	- Bunófar Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil le haghaidh Phort Láirge agus Loch Garman mar chuid de chlár Ghiniúint Ceoil. - Síneofar meabhrán tuisceana idir an Chomhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta agus Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip.	- Sainaithníodh baill de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil le haghaidh Phort Láirge agus Loch Garman. - Síníodh meabhrán tuisceana idir an Chomhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta agus Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i dTithe an Rialtais mar chuid de Cop26.
Cloí leis an dea-chleachtas i réimse an tsoláthair	- Cuirfear Plean Soláthair Chorparáidigh chun feidhme. - Cuirfear próisis Oiliúna/Faisnéise/Tuisceana/Teagmhála i bhfeidhm ar aon dul leis an gcóras nua ó sholáthar go híoc.	- Ullmhaíodh próiseas um Pleanáil Ilbhliantúil Soláthair sa bhliain 2021 ar aon dul leis an bPlean Soláthair Chorparáidigh.

Comhlíonadh ceanglas reachtúil agus rialála a chinntiú	- Soláthrófar seimineáir agus oiliúint Rialachais do na grúpaí seo a leanas: Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna; coistí Alt 45; coistí Alt 44; Boird Bhainistíochta; agus Bainisteoirí Sinsearacha laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. - Cuirfear béim an athuair ar an gceanglas go bhfreastalófaí ar gach cruinniú Boird, de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. - Comhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn Oideachais.	- Cuireadh oiliúint rialachais i gcrích don Bhord, do choistí Alt 45 agus do Bhainisteoirí Sinsearacha laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. - Meabhraíodh go rialta do chomhaltaí Boird go gceanglaítear orthu freastal ar chruinnithe boird. - Comhlíonadh na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn Oideachais. Tionóladh cruinniú bliantúil leis an Roinn Oideachais chun ceanglais agus spriocdhátaí tuairiscithe a phlé, de réir an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta.
A chinntiú go gcomhlíontar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 ina n-iomláine	- Déanfar sraith choiteann foirmeacha tuairiscithe, atá bunaithe ar an tsamhail atá i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais, a ullmhú do Phobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, lena n-áirítear Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí chuig an mBord.	- Cuireadh sraith choiteann foirmeacha tuairiscithe ar fáil do gach scoil, Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach san áireamh.

Sprioc 4: Cláir Chosanta		
Tosaíocht	**Gníomh**	**Torthaí**
Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	- Déanfar an tacaíocht bunscoile a thugtar do leanaí san Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála a fheabhsú trí mhúinteoir ón Ionad a leabú i mbunscoileanna áitiúla chun tacú le teagasc agus foghlaim leanaí ón Ionad.	- Sannadh múinteoir do bhunscoileanna áitiúla chun tacú le teagasc agus foghlaim leanaí ón Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála.

Sprioc Straitéiseach 1

Oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí. *Bainfear an sprioc seo amach trí inrochtaineacht a chinntiú agus trí dheiseanna a thabhairt dár bpobal leas a bhaint as sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim.*

Tosaíocht Straitéiseach 1.1: Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
1.1.1	Modhanna teagaisc agus foghlama atá nua-aimseartha agus forásach a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc agus cleachtais mhúnlaitheacha teagaisc.	- Sholáthair an Fhoireann Foghlama Digití seimineáir Ghréasáin ar na topaicí seo a leanas chun cabhrú le huirlisí digiteacha a leabú – uirlisí Microsoft Office 365 a úsáid le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe agus Aiseolas agus Athbhreithniú Éifeachtach, agus Leabhair Nótaí Dhigiteacha d'Fhoghlaimeoirí. - Tugadh deiseanna do mhúinteoirí leas a bhaint as Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar ardchaighdeán ar leibhéal an ghrúpa bhig agus ar leibhéal an duine aonair araon agus tacaíodh le comhroinnt saineolais ar bhonn trascholáiste. Rinneadh é sin go cianda, nuair ab fhéidir, sa bhliain 2021.
1.1.2	Tacú le dea-chleachtas sa teagasc agus san fhoghlaim inár gcuid coláistí agus ionad uile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.	- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach sa Teagasc agus san Fhoghlaim - Leanadh le diancheardlanna teagaisc agus foghlama a sholáthar, agus iad deartha chun cumas gairmiúil a fheabhsú agus a chothú laistigh dár gcuid coláistí (is é Mike Hughes, Oideachasóir, a sholáthair na ceardlanna). Chuir cohórt na bliana 2020/21 an cúrsa i gcrích go cianda. Thug roinnt rannpháirtithe cur i láthair maidir le Prionsabail Magenta do bhaill foirne laistigh dá gcoláiste féin. - Thug an Comhordaitheoir Oideachais cur i láthair maidir leis an taighde atá déanta aige/aici go dtí seo ag an imeacht dar teideal 'Comhrá Taighde' de chuid na Comhairle Múinteoireachta. - Leanadh le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití chun an úsáid is fearr a bhaint as na huirlisí atá ar fáil ar Microsoft Teams agus ar OneNote ar mhaithe le comhroinnt modheolaíochtaí agus acmhainní a fheabhsú ar bhonn trascholáiste. - Lean múinteoirí laistigh de scoileanna agus d'ionaid le leas a bhaint as oiliúint in Office 365 ar an láithreán agus ar bhonn cianda.
1.1.3	Struchtúr a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna do ghréasáin atá sonrach don ábhar, áit ar féidir le múinteoirí comhoibriú lena chéile chun acmhainní foghlama agus teagaisc a fhorbairt, chun tuairisceoirí cúrsa/ábhair a léirmhíniú agus chun smaointe, réitigh agus acmhainní a chomhroinnt.	- Cuireadh tús le líonraí fíorúla agus tá trí cinn díobh i mbun feidhme faoi láthair, is iad sin: Nua-Theangacha Iasachta; TFC; agus T4. Cuirfear tús le líonraí in ábhair eile i mí Mheán Fómhair. - Lean an grúpa Múinteoirí Ceoil (Pobal Ceoil) le teacht le chéile chun comhoibriú lena chéile go cianda, chun acmhainní a chomhroinnt, chun páirt a ghlacadh in oiliúint bhreise in uirlisí digiteacha agus i gcláir dhigiteacha agus chun dul i gcomhairle lena

		chéile maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí. - Leanadh le hoiliúint agus tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí i líonraí Pobail Cleachtais trí ardán Microsoft Teams a úsáid. - Lean an Pobal Cleachtais le haghaidh Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais le teacht le chéile go cianda. - Bunaíodh Pobal Cleachtais le haghaidh Treoirchomhairleoirí. - Thug an Comhordaitheoir Oideachais cur i láthair ag imeacht FÉILTE na Comhairle Múinteoireachta maidir leis na gníomhaíochtaí atá ar bun ag dhá cheann dár bPobail Chleachtais. - Bunaíodh Pobail Chleachtais nua ar fud raon réimsí ábhair agus tá siad ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt anois.
1.1.5	Páirt a ghlacadh san athbhreithniú leanúnach ar chláir Shraithe Sinsearaí ar thionscain an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta é d'fhonn réimsí a mholadh lena bhforbairt i gcoláistí agus in ionaid Ógtheagmhála.	- Tá múinteoirí aonair ó roinnt coláistí dár gcuid ag glacadh páirt ghníomhach sa phróiseas seo.
1.1.6	Féachaint le méadú a dhéanamh ar an nglacadh le hábhair STEM i gcoláistí, ar aon dul leis an tosaíocht atá sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas ón Roinn Oideachais.	- Lean an Bord Oideachais agus Oiliúna le Deontas Taighde Eolaíochta a thairiscint do mhic léinn. Dámhadh sparánacht do cheithre scoil. - Sheol an Bord Oideachais agus Oiliúna an comhoibriú atá ar bun aige leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun modúil a fhorbairt lena n-úsáid i scoileanna agus in ionaid.
1.1.7	Saoráidí atá nua-aimseartha, ar ardchaighdeán agus oiriúnach don fheidhm a sholáthar do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne agus, ar an mbealach sin, acmhainní a uasmhéadú agus tacú le deiseanna dul chun cinn.	- Rinneadh dul chun cinn ar na mórthionscadail tógála scoile ag Coláiste Bhaile an Droichid, ag Gairmcholáiste Bhun Clóidí, ag Coláiste Sheilsceire, ag Coláiste Pobail Naomh Pól, ag Coláiste Pobail Naomh Déaglán agus ag Meánscoil San Nioclás. - Tugann an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha an t-eolas is deireanaí ar gach coláiste ag gach cruinniú Boird. Tacaítear le scoileanna iarratas a dhéanamh ar chistiú.
1.1.8	A chinntiú go mbeidh an bonneagar TFC is airde cáilíocht i bhfeidhm, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais, líonraí gan sreang, stóráil néalbhunaithe, agus prótacail agus beartais um úsáid Idirlín.	- Rinneadh iarracht shuntasach slándáil agus sábháilteacht a fheabhsú sa bhliain 2021, mar aon le tacú leis na riachtanais oibre solúbtha a d'eascair as an bpaindéim.

Tosaíocht Straitéiseach 1.2: Rochtain do gach foghlaimeoir a chur chun cinn agus a fhothú		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
1.2.1	Díriú ar rochtain agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí lena laghdaítear bacainní ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint agus lena gcinntítear comhionannas deiseanna do gach foghlaimeoir.	- Ceapadh Oifigeach Rochtana agus Cuimsithe Breisoideachais agus Oiliúna. - Leanadh le hUirlisí Foghlama a leabú ar fud an churaclaim chun tacú leis an bhfoghlaim chumaisc. Moladh go ndíreofaí é sin sa Phlean Digiteach do Scoileanna. - Moladh go mbeadh an gníomh seo ina chuspóir foghlama do gach clár ionduchtúcháin do mhic léinn.
1.2.2	Méadú a dhéanamh ar an líon cúrsaí oiliúna ábhartha agus ar an líon printíseach atá ag gabháil don oiliúint de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí dhul i dteagmháil mhéadaithe leis an lucht gnó agus tionscail áitiúil agus le comhlachtaí reachtúla.	- Tháinig méadú ar an líon printíseach inár n-ionaid oiliúna.
1.2.3	Feabhas a chur ar na seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthraítear do dhídeanaithe.	- Cuireadh soláthar breise ar fáil do dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn i Loch Garman.
1.2.4	Obair i gcomhar le treoirchomhairleoirí coláiste agus aosach chun feasacht a mhéadú ar na deiseanna atá ar fáil san oideachas tríú leibhéal agus sa bhreisoideachas agus oiliúint.	- D'oibrigh an tAonad um Sheirbhísí do Ghnó i gcomhar le treoirchomhairleoirí scoile. - Ceapadh treoirchomhairleoir breise chuig an réimse breisoideachais agus oiliúna. - Rinneadh an fhaisnéis a seoladh chuig an bhFoireann Oideachais a chomhroinnt le Pobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí. - Tugadh cuireadh d'institiúidí breisoideachais agus oiliúna cur i láthair a thabhairt do Phobal Cleachtais na scoileanna.
1.2.5	Tacú le haidhmeanna an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ón Roinn Oideachais.	- Chuir ceathrar ball den Fhoireann Ardbhainistíochta an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil i gcrích le Gaelchultúr (Leibhéil 4-6). - Cuireadh úsáid na Gaeilge i gcumarsáidí chun cinn, go háirithe i gcás cumarsáidí le Meánscoil San Nioclás. - Ba trí mheán na Gaeilge a seoladh na próisis earcaíochta do Mheánscoil San Nioclás - ba i nGaeilge a bhí foirmeacha iarratais, doiciméid agallaimh agus litreacha leantacha tairisceana/diúltaithe agus a seoladh painéil agallaimh.
1.2.6	Ar aon dul leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 agus leis an Straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta 2016-2019, teagasc agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta agus féachaint le sainaithint a dhéanamh ar réimsí inar féidir leis an teagasc teicneolaíochtchumasaithe agus leis an	- Sholáthair an Fhoireann Foghlama Digití acmhainní, seimineáir Ghréasáin, oiliúint ar an láithreán agus tacaíocht áirithinte duine le duine do gach scoil agus gach institiúid breisoideachais agus oiliúna. - Cuireadh úsáid uirlisí Inrochtaineachta chun cinn d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus tacaíodh leis na huirlisí sin a leabú ar fud an churaclaim. - Cuireadh obair shuntasach i gcrích faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus faoin Straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta trínár

	bhfoghlaim theicneolaíochtchumasaithe bacainní a laghdú ar rannpháirtíocht.	bpearsanra tacaíochta Foghlama Digití a bheith ag forbairt pobail chleachtais ar fud na heagraíochta.
1.2.7	Cur chuige cleachtais aisiríoch a thabhairt isteach i leith bainistíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna coinbhleachta agus achrannacha a thagann chun cinn i gcoláistí agus in ionaid.	- Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Choiste Stiúrtha Chomhpháirtíocht Cleachtas Aisiríoch Loch Garman.
1.2.8	Comhionannas deiseanna, eispéireas agus torthaí a chinntiú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá faoi mhíchumas, ionas gur féidir leo leas a bhaint as an raon iomlán deiseanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ón mBord Oideachais agus Oiliúna.	- Chuir an Fhoireann Foghlama Digití tacaí Deartha Uilíoch don Fhoghlaim agus tacaí Inrochtaineachta chun cinn ar fud scoileanna agus institiúidí breisoideachais agus oiliúna. - Tairgeadh tacaíocht leanúnach do Chomhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais le linn tréimhsí dúnta scoile maidir le cur chun feidhme cianda a dhéanamh ar na Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna dar teideal Tacú le Mic Léinn i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu. - Cuireadh feabhas ar na naisc atá ann idir múinteoirí Riachtanas Speisialta Oideachais inár gcoláistí iar-bhunscoile, múinteoirí a thacaíonn leo sin a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu i gcoláistí Iar-Ardteistiméireachta agus an tOifigeach Rochtana agus Míchumais nuacheaptha.
1.2.9	Baill foirne a spreagadh cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith a chinntiú go bhfreastalaítear ar na cearta daonna agus na riachtanais chomhionannais atá ag foghlaimeoirí.	- Tosaíodh ag obair ar thuarascáil a fhorbairt faoi bhun an dualgais earnála poiblí sa bhliain 2021. Tá an tuarascáil sin le críochnú sa tríú ráithe den bhliain 2022.

Tosaíocht Straitéiseach 1.3: Soláthar atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de, agus ardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnúcháin a bheith ann i measc foghlaimeoirí		
	Gníomhartha Straitéiseacha	**Torthaí sa bhliain 2021**
1.3.1	Leanúint le tacaíocht a thabhairt do choláistí agus d'ionaid agus iad ag iarraidh cleachtas an-éifeachtach a fhorbairt, agus leas á bhaint as Tuairiscí Cigireachta agus as Tuairiscí Féinmheastóireachta Scoile, i gcomhar leis an doiciméad 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016'.	- Thug scoileanna an t-eolas is deireanaí don Bhord ar aon tuairiscí cigireachta. Déanann an Stiúrthóir Scoileanna agus an Comhordaitheoir Oideachais athbhreithniú ar gach tuairisc den sórt sin agus tairgeann siad tacaíocht spriocdhírithe, nuair is gá. Ní dhearnadh aon chigireachtaí a bhaineann leis an teagasc le linn srianta phaindéim Covid-19 a bheith i bhfeidhm.
1.3.2	Pleanáil ábhair, Féinmheastóireacht Scoile agus pleanáil feabhsúcháin scoile a leabú i gcoláistí agus in ionaid. A chinntiú go gcomhlíonfar an Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí le linn an dea-chleachtas a phleanáil agus a chur chun feidhme inár gcuid coláistí agus ionad.	- Chuir an Stiúrthóir Scoileanna tacaíocht (chianda) an Chomhordaitheora Oideachais ar fáil do scoileanna ónar theastaigh tuilleadh treorach maidir le pleanáil. - Le linn na scoilbhlianta 2020-21 agus 2021-22, iarchuireadh, de dheasca phaindéim Covid-19, an ceanglas go rachadh scoileanna i mbun obair bhreise féinmheastóireachta scoile. - D'éirigh Coláiste Uí Chinnéide ina threoirscoil don Bhord Oideachais agus Oiliúna maidir le leas a bhaint as an bpróiseas féinmheastóireachta scoile chun na croíluachanna a leabú. Thacaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath leis an obair sin, ag gníomhú di trí ETBI.

1.3.3	Pleanáil do chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a fhorbairt trí chur chun feidhme a dhéanamh ar fhreagairt SOLAS don tuarascáil ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) (Staidéar ar an Soláthar don Chlár Iar-Ardteistiméireachta agus ar na Torthaí do Rannpháirtithe i gCláir Iar-Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta) agus iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí inar féidir le mic léinn Iar-Ardteistiméireachta na torthaí oideachais agus oiliúna is fearr is féidir a bhaint amach, lena n-áirítear dul chun cinn chuig an oideachas tríú leibhéal nó chuig an bhfostaíocht.	- Tugadh cláir Phrintíseachta do theicneoirí Gruagaireachta agus Cuntasaíochta isteach in dhá choláiste Iar-Ardteistiméireachta. - Déanann an Comhordaitheoir Oideachais ionadaíocht do scoileanna ar Ghrúpa Oibre an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. - Cuireadh feabhas ar na naisc atá ann idir múinteoirí Riachtanas Speisialta Oideachais inár gcoláistí iar-bhunscoile, múinteoirí a thacaíonn leo sin a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu i gcoláistí Iar-Ardteistiméireachta agus an tOifigeach Rochtana agus Míchumais nuacheaptha.
1.3.4	Aonad um Dhearbhú Cáilíochta a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna chun tacú le forbairt cúrsaí, leis an nuálaíocht, le hanailísíocht sonraí agus le dearbhú cáilíochta ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Tuarascáil Féinmheastóireachta Feidhmiúcháin agus Plean Feabhsúcháin Cáilíochta a ullmhú i gcomhar le QQI, ar nithe iad lena dtacófar le Bord Rialachais um Dhearbhú Cáilíochta a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Obair i gcomhar le comhlachtaí eile creidiúnúcháin amhail City & Guilds, Cidesco, Red Seal, etc., chun deiseanna nuálacha foghlama a fhorbairt.	- Ullmhaíodh Tuarascáil Féinmheastóireachta. - Cuireadh Plean bliantúil Feabhsúcháin Cáilíochta i láthair. - Cuireadh an t-athbhreithniú tionscnaimh ó QQI ar dhearbhú cáilíochta sa bhreisoideachas agus oiliúint i gcrích agus eisíodh dréacht-tuarascáil ina leith.

Tosaíocht Straitéiseach 1.4: Naisc a chur chun cinn agus a bhunú idir an t-oideachas foirmiúil agus an t-oideachas neamhfhoirmiúil		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
1.4.1	Plean Obair Óige a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí phróifíl chuimsitheach a chur le chéile ar riachtanais na hóige agus trí struchtúr a fhorbairt le haghaidh seirbhísí obair óige a sholáthar ar bhealach comhtháite.	- Cuireadh próifíl i gcrích agus sainaithníodh dhá thionscadal bhreise agus dámhadh cistiú dóibh. - Déanann an Comhordaitheoir Oideachais ionadaíocht do choláistí iar-bhunscoile/don Rannóg Oideachais ar an nGrúpa Comhordúcháin um Ghnóthaí Óige.
1.4.3	Samhail dea-chleachtais a fhorbairt, rud lena nasctar oideachas foirmiúil agus oideachas neamhfhoirmiúil (Tionscadail Chríochnaithe Scoile san áireamh) le chéile chun a chinntiú go nglacfar cur chuige iomlánaíoch i leith soláthar a dhéanamh do dhaoine óga, lena n-áirítear iad sin atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath.	- Bunaíodh comhpháirtíochtaí Ghiniúint Ceoil i gcomhar le Grúpa Riachtanas Óige Ghuaire agus le Seirbhís Óige Dheoise Fhearna i Loch Garman, in Inis Córthaidh, i mBun Clóidí agus i Ros Mhic Thriúin.
1.4.4	Leanúint le naisc a fhorbairt idir ár gcuid coláistí agus ionad agus Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin agus idir ár gcuid coláistí agus ionad agus an t-ionad beartaithe nua ag Sliabh Fhothart, Carraig an Phoill, Loch Garman.	- Tá cúrsa leibhéal 5 i bhfeidhm lena sholáthar i mBun Clóidí ag an Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh.
1.4.5	Obair go gníomhach chun a chinntiú go n-imreoidh Giniúint Ceoil Loch Garman agus Giniúint Ceoil Phort Láirge tionchar bunathraitheach ar shaol na leanaí laistigh den phobal agus cláir taibhiú ceoil a leabú i gcoláistí agus ionaid de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	- Atosaíodh ar na cláir uile do Ghiniúint Ceoil Loch Garman agus do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge araon le linn na bliana 2021. Áiríodh iad seo a leanas leis na cláir sin: cláir bhunscoile; High Street Opera Zoom; clár ar líne Wexford Wind Jammers; Barrow Song Lab; Uke Rocks; grúpaí cláirsí; grúpaí traidisiúnta; agus ceardlanna cumadóireachta amhrán. - Ghlac Oideachasóirí Ceoil páirt i gceardlanna na bpobal cleachtais náisiúnta sna réimsí seo a leanas: téaduirlisí, gaothuirlisí agus prásuirlisí clasaiceacha; ucailéile; ceol gutha; agus ceol luath-óige.

Sprioc Straitéiseach 2

Seirbhísí na hEagraíochta a fhorbairt: *Bainfear an sprioc seo amach trína chinntiú go ndéanfaimid na tacaí ceannaireachta, feidhmiúcháin agus riaracháin is airde cáilíocht a sholáthar d'fhórsa saothair atá inspreagtha agus ardoilte, agus eispéireas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán á éascú d'fhoghlaimeoirí agus do mhic léinn.*

Tosaíocht Straitéiseach 2.1: Leanúint le struchtúr agus dearadh na heagraíochta a athchóiriú agus a fhorbairt		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
2.1.1	Ag teacht sna sála ar an bhfeidhm seirbhísí tacaíochta feidhmiúcháin a athstruchtúrú ar fud na gceithre eagraíocht chónasctha, féachaint leis an struchtúr reatha a dhaingniú agus baill foirne a chur i róil cheadaithe bhuana, ar feitheamh ceadú a fháil ón Roinn Oideachais le haghaidh an deartha athbhreithnithe eagraíochta.	- Cuireadh an tAthbhreithniú Acmhainní Daonna i gcrích agus cuireadh struchtúr nua i bhfeidhm: Earcaíocht agus Ionduchtú, Párolla agus Saoire/Asláithreacht, Cultúr agus Teagmháil. - Soláthraíodh oiliúint bainistíochta agus ceannaireachta do bhainisteoirí agus do cheannairí foirne sa réimse acmhainní daonna.
2.1.2	Obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus le ETBI chun struchtúr corparáideach eagraíochta atá oiriúnach don fheidhm agus a bhfuil soláthar foirne cuí aige a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais atá ag ár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí agus ag seirbhísí na heagraíochta faoi láthair agus ar na riachtanais a bheidh acu amach anseo. Poist ghairmiúla riachtanacha a líonadh chun comhlíonadh feidhmeanna nua agus feidhmeanna reachtúla a chinntiú.	- Cuireadh an tAthbhreithniú Acmhainní Daonna i gcrích agus cuireadh struchtúr nua i bhfeidhm: Earcaíocht agus Ionduchtú, Párolla agus Saoire/Asláithreacht, Cultúr agus Teagmháil. - Iarradh cead agus líonfar na poist a luaithe is féidir. - Soláthraíodh oiliúint bainistíochta agus ceannaireachta do bhainisteoirí agus do cheannairí foirne sa réimse acmhainní daonna.
2.1.3	A chinntiú go gcuirfear feidhm cheadaithe TFC ar áireamh san eagraíocht chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí ceannródaíocha ar mhaithe le gnóthachtáil foghlaimeoirí a uasmhéadú agus nuachóiriú leanúnach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.	- Táthar ag fanacht leis an struchtúr ceadaithe TFC tríd an bpróiseas Dearthaí Eagraíochta. Ina éagmais sin, chabhraigh an fhoireann TFC le roinnt treoirfheabhsuithe a chur ar shreafaí oibre.
2.1.4	Tabhairt faoi 'Anailís ar Riachtanais Scileanna' le haghaidh na bhfeidhmeanna éagsúla laistigh d'eagraíocht oideachais agus oiliúna atá nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm agus plean a fhorbairt le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach agus fothú acmhainneachta.	- Cuireadh an tAthbhreithniú Acmhainní Daonna i gcrích agus cuireadh struchtúr nua i bhfeidhm: Earcaíocht agus Ionduchtú, Párolla agus Saoire/Asláithreacht, Cultúr agus Teagmháil. - Cuireadh beartas Foghlama agus Forbartha Gairmiúla i bhfeidhm agus tugadh spreagadh do bhaill foirne gabháil don fhorbairt. Forbraíodh conarthaí gaolmhara foghlama agus cuireadh i bhfeidhm iad. - Bhain roinnt ball foirne riaracháin leas as na deiseanna atá ar fáil tríd an mbeartas nua Foghlama agus Forbartha Gairmiúla agus trí na nósanna imeachta gaolmhara, lenar áiríodh roinnt ball foirne ón bhfoireann acmhainní daonna.
2.1.5	Forbairt a dhéanamh ar struchtúr comhordaithe do Bhreisoideachas agus Oiliúint agus ar Phlean Oibríochta gaolmhar,	- Ullmhaíodh dréachtphlean struchtúrtha chun an teagasc a ailíniú leis na tacaí riachtanacha oideachais. Tá earcaíocht le tosú sa bhliain 2022.

	ar nithe iad lena dtacófar le feidhmeanna breisoideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chomhtháthú, bunaithe ar chur chuige 'foirne' i leith cláir a sholáthar agus feabhas leanúnach a bhaint amach.	

Tosaíocht Straitéiseach 2.2: Gach samhail cistiúcháin agus íocaíochta a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtúil		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
2.2.1	Córais nua bogearraí cuntasaíochta a fhorbairt agus oiliúint chuí a chur ar bhainisteoirí agus ar bhaill foirne chun feabhas a chur ar thuairisciú bainistíochta airgeadais agus ar bhuiséadú airgeadais do choláistí. Tús áite a thabhairt do chórais íocaíochta ar líne a chur chun feidhme go luath agus chun uathoibriú a dhéanamh ar phróisis amhail íocaíochtaí párolla fostaithe páirtaimseartha agus íocaíochtaí taistil/cothaithe.	- Tosaíodh ar Chéim II den chóras ó sholáthar go híoc, lenar áiríodh modúil soláthair agus ordaithe, a chur i bhfeidhm sa dara ráithe den bhliain 2021. Cuireadh moill ar an obair sin de dheasca phaindéim Covid-19 sa bhliain 2020. - Nuashonraíodh cláir sócmhainní agus próiseáladh iad lena n-uaslódáil ar líne ar an gcóras ó sholáthar go híoc. - Cuireadh obair ullmhúcháin i gcrích don aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte le haghaidh Íocaíochtaí Foghlaimeoirí maidir le hoibrithe Ógtheagmhála/VTOS, ar aistriú é a dhéanfar sa chéad ráithe nó sa dara ráithe den bhliain 2022. - Tacaíodh le Céim II den phróiseas um Fhoirmeacha Éilimh Ar Líne ó Mhúinteoirí Páirtaimseartha a chur i bhfeidhm sa dara ráithe den bhliain 2022. - Seoladh an chéad bhabhta de chur i bhfeidhm an chórais uathoibrithe tuairiscithe do Sheirbhísí Comhroinnte ESBS.
2.2.2	Samhail cistiúcháin a fhorbairt do bhreisoideachas agus oiliúint, ar samhail í a bheidh ailínithe le ceanglais chistiúcháin SOLAS agus lena gcuirfear acmhainní cuí ar fáil do chláir agus, ar an mbealach sin, freastal ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí agus tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta níos fearr a sholáthar.	- Cuireadh tuilleadh feabhsuithe ar an bpróiseas buiséadaithe do chláir agus ionaid bhreisoideachais agus oiliúna. Tugadh modúil nua ordaithe agus modúil nua bhuiséadaithe uathoibríoch isteach mar chuid den chóras ó sholáthar go híoc in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna. - Rinneadh athbhreithniú ar an gcistiú a sholáthraíonn SOLAS do chostais láraithe in ionaid chomhroinnte chun na hathruithe i samhlacha soláthair breisoideachais agus oiliúna a léiriú. - Forbraíodh tuarascálacha cuimsitheacha buiséadaithe trí úsáid a bhaint as bogearraí DEPM, rud is féidir a athnuachan roinnt uaireanta ar fud an timthrialla cistiúcháin chun faisnéis airgeadais atá cuimsitheach agus cothrom le dáta a sholáthar.
2.2.3	Buiséadú comhtháite láraithe a bhaint amach ar fud gach cláir airgeadais.	- Cuireadh mórleabhar SunSystems V6 i bhfeidhm sa chéad ráithe den bhliain 2021, rud lena gcuirtear leis an obair a rinneadh i mblianta roimhe chun scoileanna agus ionaid a chumasú faireachán a dhéanamh ar bhuiséid ar bhonn fabhruithe agus tuarascálacha ar líne a fháil láithreach. Tá scoileanna/ionaid in ann na tuarascálacha sin a úsáid anois de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad le linn Chéim II den chóras ó sholáthar go híoc.

Tosaíocht Straitéiseach 2.3: Leanúint le beartais a fhorbairt agus le hardchaighdeáin rialachais agus chomhlíonta a choinneáil ar bun		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
2.3.1	Leanúint le tús áite a thabhairt don obair atá ar bun chun rialachas láidir a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta ar mhaithe le comhlíonadh Chiorclán 18/15 (An Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú) ón Roinn Oideachais a bhaint amach agus chun ceanglais iniúchóireachta agus tuairiscithe (ceanglais ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ceanglais ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, etc.) a chomhlíonadh.	- Comhlíonadh ceanglais iniúchóireachta agus tuairiscithe. - Tá rialachas ina bhuanmhír ar an gclár oibre do gach cruinniú de chuid an lucht ardbhainistíochta agus ag gach cruinniú de chuid an Bhoird agus Choistí Alt 45.
2.3.2	An lucht feidhmiúcháin a chur ag obair i gcomhar le Cathaoirleach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun a chinntiú go mbeidh oiliúint, faisnéis agus doiciméadacht dhóthanach ag na comhaltaí de Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus dá choistí uile chun gur féidir leo cinntí eolacha a dhéanamh ar fheidhmeanna forchoimeádta.	- Cuireadh béim ar a chinntiú go bhfuil ag an mBord an oiliúint agus an fhaisnéis a theastaíonn chun an fheidhm atá aige a chomhlíonadh.
2.3.3	Plean soláthair, bunachar sonraí conarthaí gaolmhara agus córas struchtúrtha bainistíochta conarthaí a bhunú agus a chur chun feidhme don eagraíocht ar mhaithe le luach ar airgead agus comhlíonadh na dtreoirlínte náisiúnta soláthair a chinntiú.	- Ullmhaíodh próiseas um Pleanáil Ilbhliantúil Soláthair sa bhliain 2021, mar a cheanglaítear le Plean Soláthair Chorparáidigh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Cuireadh é sin faoi bhráid ETBI lena chur ar áireamh i bpróisis earnála agus náisiúnta. - D'éirigh leis an mBord Oideachais agus Oiliúna neamhchomhlíonadh soláthair a laghdú arís eile sa bhliain 2021, agus laghdú 30% bliain ar bhliain á bhaint amach aige.
2.3.4	Bunachar sonraí beartas a bhunú agus próiseas a cheapadh le haghaidh beartais a athbhreithniú, a nuashonrú agus a cheadú ar bhonn córasach agus uainíochta, agus béim á cur ar na céimeanna comhairliúcháin agus cur chun feidhme.	- Rinneadh roinnt beartas a athbhreithniú agus a nuashonrú le linn na bliana 2021, lenar áiríodh an beartas Sláinte agus Sábháilteachta.
2.3.5	Prionsabail na Scéime Teanga a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta.	- Thug cúigear ball den eagraíocht (lenar áiríodh ceathrar ball den Fhoireann Ardbhainistíochta) faoi chúrsa an Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil (Gaelchultúr) sa cheathrú ráithe den bhliain 2021.

Tosaíocht Straitéiseach 2.4: Struchtúir éifeachtacha bhainistíochta riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
2.4.1	Cultúr bainistíochta riosca a leabú laistigh den eagraíocht agus Foireann Bhainistíochta Riosca a bhunú a bheidh freagrach as an bPlean Gnó Bainistíochta Riosca agus tionscnaimh oiliúna bainistíochta riosca a fhorbairt agus as na Cláir Rioscaí don fheidhm chorparáideach, do choláistí agus do bhreisoideachas agus oiliúint a bhainistiú agus as tuairisc a thabhairt orthu.	- Cuireadh Cláir Rioscaí i bhfeidhm – don Fheidhm Chorparáideach, do Bhreisoideachas agus Oiliúint agus do Scoileanna – agus rinneadh iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta. - Eisíodh tuarascálacha riosca go rialta chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. - Cuireadh Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm. - Cuireadh Plean Gnó Bainistíochta Riosca i bhfeidhm don bhliain 2021.
2.4.2	Comhaontuithe Seirbhíse agus/nó Meabhráin Tuisceana atá bunaithe ar riachtanais náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt i gcomhar leis na gníomhaireachtaí seachtracha lena dtéimid i dteagmháil i ndáil le cúrsaí airgeadais agus straitéiseacha.	- Síníodh meabhrán tuisceana le Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip mar chuid de Cop26.
2.4.3	Plean éifeachtach Sláinte agus Sábháilteachta a chur chun feidhme don eagraíocht agus dul i dteagmháil lenár gcuid coláistí agus ionad agus lenár n-árachóirí chun riosca a íoslaghdú d'úsáideoirí, conraitheoirí agus custaiméirí ár n-eagraíochta. Tabharfar tús áite d'oiliúint a chur ar bhainisteoirí i réimsí na feasachta sláinte agus sábháilteachta agus an tsaineolais sláinte agus sábháilteachta.	- Cuireadh clár Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm don bhliain 2021, lenar áiríodh iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta a chur i gcrích i ngach scoil agus ionad. - Eagraíodh oiliúint do Fhreagróirí Garchabhrach agus oiliúint i Sábháilteacht ó Dhóiteán agus i Láimhsiú Sábháilte agus cuireadh i gcrích iad.

Tosaíocht Straitéiseach 2.5: Bonneagar agus foirgnimh: Pleanáil do riachtanais reatha agus do riachtanais amach anseo		
	Gníomhartha Straitéiseacha	**Torthaí sa bhliain 2021**
2.5.1	Foirgnimh scoile nua ar ardchaighdeán agus/nó síntí móra a sholáthar dóibh seo a leanas chun freastal ar riachtanais oideachais nua-aimseartha: Coláiste Sheilsceire; Coláiste Breisoideachais Phort Láirge; Coláiste Bhaile an Droichid; Gairmcholáiste Bhun Clóidí; Coláiste Pobail Naomh Pól; Coláiste Pobail Naomh Déaglán; Meánscoil San Nioclás; agus Coláiste Chathail Naofa.	- Cuireadh iarratais ar Chóiríocht Bhreise Scoile do mhí Mheán Fómhair 2022 isteach do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, do Choláiste Pobail Naomh Pól, do Choláiste Abbáin agus do Choláiste an Átha. - Seoladh díospóireacht leanúnach leis an Roinn Oideachais maidir le gach tionscadal tógála scoile agus maidir le gach trealamh seomra phraiticiúil. - Glacadh leis na tograí le haghaidh Choláiste Bhun Clóidí agus Choláiste Bhaile an Droichid in athbhreithniú chéim 1. - Ceannaíodh láithreán chun síneadh a éascú ag Meánscoil San Nioclás.
2.5.2	Pleananna sonracha a fhorbairt chun an soláthar reatha agus an soláthar beartaithe a leagan amach do raon clár Breisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear ionad Ógtheagmhála a fhorbairt i nGuaire agus saoráidí nua ilphléacs a fhorbairt i mBaile Loch Garman, i gCathair Phort Láirge agus in Inis Córthaidh.	- Chuir an forbróir iarratas ar chead pleanála isteach don tsaoráid i Loch Garman. - Tugadh dréachtphleananna don ionad i bPort Láirge i gcrích agus síníodh comhaontú dlíthiúil ina leith. - Osclaíodh Ionad Ógtheagmhála Ghuaire i mí na Samhna 2021. - Síníodh comhaontú le haghaidh an tsaoráid ilphléacs i bPort Láirge a léasú i mí na Samhna 2021. - Síníodh cinn téarmaí le haghaidh na saoráide ilphléacs i Loch Garman i mí Lúnasa 2021.
2.5.4	Ionad nua Oideachais agus Oiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart, Carraig an Phoill, Loch Garman, i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman.	- Cuireadh an chomhpháirtíocht ar aghaidh le linn na bliana 2021 d'fhonn raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá le soláthar ón Ionad Gníomhaíochta nua a chomhaontú.
2.5.5	Obair i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun tacú le straitéis éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí. Tús áite a thabhairt don aistriú i dtreo timpeallacht gan pháipéar.	- Cuireadh Iniúchtaí Fuinnimh i gcrích ag Ionad Oiliúna Phort Láirge agus ag Coláiste Uí Chinnéide.

Sprioc Straitéiseach 3

Ár mbaill foirne go léir a bheith ag obair le chéile: *Cruthófar timpeallacht dhearfach oibre ina rannchuidíonn baill foirne dhea-cháilithe a gcumas iomlán chun tairbhe do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí, agus aird chuí á tabhairt ar luachanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Beidh sé sin bunaithe ar chultúr comhionannais, measa agus dínite san áit oibre, ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, ar mheon an-dearfach, agus ar oscailteacht a léiriú i dtreo tuismitheoirí/caomhnóirí agus comhpháirtithe seachtracha comhoibríocha agus ar mheas a thabhairt orthu.*

Tosaíocht Straitéiseach 3.1: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
3.1.1	Beartas forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt don eagraíocht, rud lena dtacaítear le forbairt ghairmiúil na mball foirne i gcoitinne, lena dtugtar tús áite do na réimsí ina bhfuil an gá is mó agus lena n-áirítear teimpléad do phleananna oiliúna aonair.	- Rinneadh an beartas Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus bhain baill foirne leas as deiseanna le haghaidh forbairt agus oiliúint.
3.1.2	Tús áite a thabhairt do dheiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar do na baill foirne sin a bhfuil róil cheannaireachta agus/nó poist freagrachta acu laistigh den eagraíocht. Fothú agus forbairt a dhéanamh ar chumas na mball foirne a oibríonn leis na líonraí náisiúnta forbartha gairmiúla atá ar bun ag ETBI.	- Cuireadh Fóram Leas-Phríomhoidí ar bun ar Microsoft Teams. - Tugadh cuireadh do Leas-Phríomhoidí freastal ar chruinnithe rialta faisnéise leis an Stiúrthóir Scoileanna ar fud na bliana.
3.1.3	Obair ar Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur chun feidhme ar mhaithe le haiseolas struchtúrtha a éascú.	- Ghlac Príomhoifigeach Cúnta san fheidhm acmhainní daonna páirt i ngrúpa oibre ETBI a bhí ag féachaint ar Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a fhorbairt.
3.1.4	Cur chun cinn a dhéanamh ar na tacaí atá á gcistiú ag an Roinn Oideachais do mhúinteoirí agus don lucht bainistíochta scoile, e.g., an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, agus ar na seirbhísí atá á soláthar ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ag Ionaid Oideachais agus ag an Lárionad um Cheannaireacht Scoile.	- Thacaigh an Stiúrthóir Scoileanna le gach coláiste iar-bhunscoile páirt a ghlacadh i gClár Droichead.
3.1.5	Clár comhtháite oiliúna agus uasoiliúna a fhorbairt do gach ball foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, rud lena n-áireofar oiliúint sholúbtha ar líne ina dtairgtear conairí dul chun cinn do rannpháirtithe ar leibhéil chuí – deimhniú ó QQI agus cáilíochtaí gairmiúla san áireamh. Cur leis an úsáid a bhaintear as líonraí/fóraim le haghaidh comhroinnt eolais, réiteach fadhbanna agus comhroinnt acmhainní.	- Rinneadh an beartas Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus bhain baill foirne leas as deiseanna le haghaidh forbairt agus oiliúint.
3.1.7	Cumas a fhorbairt i measc ár mball foirne trí scileanna atá tábhachtach san 21ú haois a chur ar áireamh ina gcláir, lena n-áirítear fiontraíocht, foghlaim ar feadh an tsaoil, scileanna digiteacha agus comhoibriú.	- Éascaíodh comhoibriú trascholáiste trí ghníomhaíochtaí na bPobal Cleachtais. - Lean an Fhoireann Foghlama Digití le tacú le gníomhaíochtaí gach Pobail Cleachtais.

		- Lean an Fhoireann Foghlama Digití le gníomhaíochtaí an dá Bhraisle Dhigiteacha (O365 agus Pobal Ceoil) a stiúradh agus a éascú. - Lean an Fhoireann Foghlama Digití le tacú le scoileanna trí raon leathan roghanna freagrúla oiliúna a chur ar fáil dóibh.
3.1.8	Cur chun cinn a dhéanamh ar chomhlíonadh ár gcroíluachanna in obair laethúil ár gcuid ball foirne agus braistint láidir bhróid as an eagraíocht a chothú i measc ár gcuid ball foirne agus mórphobal foghlama.	- Thosaigh gach scoil ar Fhoireann Ceannaireachta Éitis a bhunú ó mhí Mheán Fómhair 2021 amach. Rinne Comhordaitheoir Éitis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna foireann ceannairí foirne éitis scoile a stiúradh i bPobal Cleachtais, a raibh mar phríomhchuspóir aige feasacht a mhéadú ar na cúig chroíluach atá ag scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna.

Tosaíocht Straitéiseach 3.2: Earcaíocht agus coinneáil ball foirne ar ardchaighdeán a éascú		
	Gníomhartha Straitéiseacha	**Torthaí sa bhliain 2021**
3.2.1	Gach próiseas earcaíochta a athbhreithniú agus córais agus próisis chuí a fhorbairt chun a chinntiú go mbíonn siad ag freastal ar riachtanais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (e.g., earcaíocht ar líne, fógraíocht thráthúil post).	- Seoladh an tAthbhreithniú Acmhainní Daonna, ar lena linn a athbhreithníodh amlínte earcaíochta. Comhaontaíodh amlínte nua le haghaidh earcaíocht scoilbhunaithe le Príomhoidí. - Bunaíodh foireann nua Ionduchtúcháin. - Tionóladh dhá sheisiún ionduchtúcháin sa bhliain 2021 – ceann amháin do bhaill foirne teagaisc agus ceann amháin do bhaill foirne riaracháin.
3.2.2	Painéal limistéarbhunaithe ‘fíor-ama’ múinteoirí ionaid a fhorbairt agus a chothabháil.	- Cuireadh painéal múinteoirí ionaid i bhfeidhm.
3.2.3	Obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus le geallsealbhóirí inmheánacha chun straitéis pleanála comharbais a fhorbairt ar mhaithe le leanúnachas seirbhíse a chinntiú ar fud na heagraíochta.	- Oibríodh i gcomhar leis an Roinn Oideachais ar fud na bliana 2021 chun cead a fháil róil ar fágadh iad a líonadh ar mhaithe le leanúnachas seirbhíse a chinntiú. Rinneadh pleanáil chomharbais ar an leibhéal áitiúil ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí foirne.
3.2.4	Straitéisí a chomhaontú le haghaidh múinteoirí a fhoinsiú agus a earcú i margadh fostaíochta a bhíonn ag éirí níos iomaíche i gcónaí, lena n-áirítear comhoibriú le Coláistí Oiliúna Múinteoirí. A chinntiú go mbeidh ag na baill foirne earcaithe an cumas agus an tsolúbthacht a theastaíonn chun cúraimí a chur i gcrích in áit oibre nua-aimseartha (e.g., scileanna TF, tras-scileanna) agus go n-urramóidh siad luachanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, mar atá curtha in iúl sa Ráiteas Straitéise seo.	- Seoladh Athbhreithniú Acmhainní Daonna agus cuireadh plean le chéile le haghaidh próisis a chuíchóiriú agus feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse a thairgtear do gheallsealbhóirí.

Tosaíocht Straitéiseach 3.3: Cultúr sláinte agus folláine a chur chun cinn i measc baill foirne		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
3.3.1	Tionscnaimh a fhorbairt chun cultúr sláinte agus folláine ag an obair a leabú. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt go gníomhach do gach ball foirne ina leith sin. Féachaint lena chinntiú go rannchuideoidh an timpeallacht fhisiciúil leis an bhfolláine ag an obair.	- Seoladh cumarsáidí chuig baill foirne ar bhonn rialta chun an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a soláthraíonn Spectrum.Life é a chur chun cinn. Cuireadh na seisiúin Sláinte agus Folláine a reáchtálann Spectrum.Life iad chun cinn laistigh den eagraíocht.
3.3.2	Cur chun cinn a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil do gach ball foirne leas a bhaint as seirbhísí comhairliúcháin, nuair is cuí, chun cabhrú leo déileáil le saincheisteanna deacra san áit oibre.	- Tugadh spreagadh do bhaill foirne leas a bhaint as na seisiúin rúnda chomhairliúcháin atá ar fáil saor in aisce ó Spectrum.Life.
3.3.4	A chinntiú go mbeidh cláir bhliantúla phleanála scoir ar fáil do bhaill foirne agus a chinntiú go dtarlóidh sé, tar éis do bhaill foirne dul ar scor, go n-aithneofar an tseirbhís a rinne siad don eagraíocht.	- Seoltar Imeacht Pleanála Airgeadais gach bliain d'iarfhostaithe atá ar scor agus d'fhostaithe a bhfuil sé beartaithe acu dul ar scor.

Sprioc Straitéiseach 4

Comhpháirtíochtaí buana agus comhoibriú buan a chothú agus a fhorbairt trí ionadaíocht a fháil ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus trí obair i gcomhar le comhlachtaí reachtúla, gníomhaireachtaí, leasanna gnó, ceardchumainn agus grúpaí pobail ábhartha agus leis an earnáil dheonach.

Tosaíocht Straitéiseach 4.1: Leanúint le líonrú straitéiseach agus é a bhreisiú		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
4.1.2	Baill foirne agus/nó comhaltaí a ainmniú, de réir mar is cuí, chun ionadaíocht a dhéanamh don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar chomhlachtaí seachtracha agus a chinntiú go mbeidh nós imeachta tuairiscithe cuí i bhfeidhm ina leith sin.	- Rinneadh ionadaíocht do scoileanna/coláistí ar an nGrúpa Foghlama agus Forbartha (Coiste Oideachais Chontae Loch Garman roimhe seo), rud atá faoi stiúir ag Forbairt Áitiúil Loch Garman. (Féach freisin 4.2.1) - Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Choiste Stiúrtha Chomhpháirtíocht Cleachtas Aisiríoch Loch Garman. (Féach freisin 1.2.7) - Rinne an Comhordaitheoir Oideachais ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar ghrúpa oibre ETBI um Léarscáiliú Soláthair do Riachtanais Speisialta Oideachais. - Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Ghrúpa Oibre Oideachais na gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga. (Féach freisin 4.2.1) - Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar choiste ilghníomhaireachta 'Elevate', ar clár um rianú dul chun cinn é atá faoi stiúir ag Forbairt Ghairmiúil Loch Garman agus atá dírithe ar mhic léinn i rang 6 agus i mbliain 6.
4.1.3	A chinntiú go gcomhaontófar roimh ré leis an Lucht Ardbhainistíochta na comhaontuithe uile a dhéanann baill foirne le gníomhaireachtaí seachtracha thar ceann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	- Comhaontaíodh roimh ré leis an Lucht Ardbhainistíochta na comhaontuithe uile a rinne baill foirne.

Tosaíocht Straitéiseach 4.2: Comhoibriú éifeachtach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
4.2.1	Comhoibriú leis an Roinn Oideachais, le SOLAS, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun a chinntiú go n-oibreoimid de réir an bheartais náisiúnta agus chun an chuid is fearr a bhaint as acmhainní ar mhaithe le misean an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh.	- Rinneadh ionadaíocht do scoileanna/coláistí ar an gCoiste Foghlama agus Forbartha, rud atá faoi stiúir ag Forbairt Áitiúil Loch Garman. - Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Ghrúpa Oibre Oideachais na gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga. - Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar an Líonra Seirbhísí do Leanaí agus don Teaghlach (Inis Córthaidh agus Bun Clóidí). - Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar ghrúpa oibre na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais i Loch Garman, agus é ag déanamh scrúdú ar réimse na luath-idirghabhála do luathfhágálaithe scoile. - Rinne an Comhordaitheoir Oideachais ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar ghrúpa oibre ETBI um Léarscáiliú Soláthair.
4.2.2	Comhoibriú go dlúth le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus le Comhairle Contae Loch Garman araon chun ailíniú agus comhoibriú áitiúil agus réigiúnach a chinntiú i ndáil leis na tosaíochtaí áitiúla a thagann faoi shainchúram an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	- Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Contae Loch Garman agus ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge araon.
4.2.3	Comhoibriú le fóraim réigiúnacha ábhartha chun rannchuidiú le forbairt leanúnach na hearnála oideachais agus oiliúna (e.g., Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, Fóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt agus Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt do Phoist).	- Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar na fóraim réigiúnacha ar fud Phort Láirge agus Loch Garman.
4.2.4	Comhoibriú níos dlúithe a chothú agus a bhreisiú le hinstitiúidí tríú leibhéal, go háirithe Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, i nithe leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear deiseanna dul chun cinn a chruthú do mhic léinn, acmhainní a chomhroinnt, agus réitigh a iniúchadh ar ghanntanais múinteoirí i réimsí ábhair áirithe.	- Cuireadh comhaontuithe dul chun cinn i bhfeidhm le haghaidh dul chun cinn chuig breisoideachas agus oiliúint in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. - Tosaíodh díospóireacht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge sa bhliain 2021 d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí.

Tosaíocht Straitéiseach 4.3: Comhoibriú éifeachtach le leasanna pobail agus gnó		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
4.3.2	Caidrimh a fhorbairt agus a bhreisiú le bunscoileanna áitiúla.	- Thug roinnt bunscoileanna áitiúla cuairt ar na Saotharlanna Déantúsaíochta agus ar na Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta. - Chuaigh gach iar-bhunscoil i dteagmháil lena scoileanna friothálacha áitiúla.
4.3.5	Comhoibriú le leasanna gnó agus tionscail, lena n-áirítear IBEC, Comhlachais Tráchtála, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Comhghuaillíocht Rotary, SICAP, LEADER, Seirbhísí Óige agus eagraíochtaí spóirt chun ábharthacht ár gclár oideachais agus oiliúna a chinntiú agus chun deiseanna a thabhairt do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí.	- Bunaíodh cúrsa oiliúna i dteaschaidéil a shuiteáil i Loch Garman. Sainaithníodh é sin mar riachtanas ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

Sprioc Straitéiseach 5

Cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach a fhorbairt. Bainfear an sprioc seo amach trí ráiteas soiléir a dtacóidh Foireann Cumarsáide thiomnaithe leis a leagan síos, trí acmhainní cuí a sholáthar agus trí bhranda an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt air.

Tosaíocht Straitéiseach 5.1: Faisnéis atá spriocdhírithe, cruinn, soiléir agus comhsheasmhach a sholáthar ar bhealach tráthúil		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
5.1.1	Struchtúr cumarsáide a chur chun feidhme, lena n-áirítear grúpa stiúrtha agus comhordaitheoir cumarsáide a thacóidh leis an straitéis cumarsáide.	- Cuireadh struchtúr cumarsáide i bhfeidhm, lena n-áirítear Grúpa Stiúrtha a tháinig le chéile go rialta le linn na bliana 2021. - Cuireadh Comhordaitheoir Cumarsáide i bhfeidhm don Bhord Oideachais agus Oiliúna.
5.1.2	Na hacmhainní riachtanacha a sholáthar chun tacú leis an straitéis cumarsáide, lena n-áirítear oiliúint agus tacaíocht airgeadais.	- Sainaithníodh acmhainní chun tacú leis an gclár oibre cumarsáide, lena n-áirítear comharthaíocht sheachtrach a acmhainniú do gach scoil chun an chomharthaíocht sin a chur ar aon dul le treoirlínte branda an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.
5.1.3	Plean Cumarsáide Bliantúil a fhorbairt, rud a bheidh nasctha leis na cuspóirí straitéiseacha.	- Cuireadh Plean Cumarsáide Bliantúil i bhfeidhm don bhliain 2021.
5.1.4	Sásraí a fhorbairt le haghaidh aiseolas a lorg ó fhoghlaimeoirí, ó bhaill foirne agus ó gheallsealbhóirí seachtracha agus le haghaidh freagairt don aiseolas sin.	- Lorgaíodh aiseolas go rialta ó gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha, lenar áiríodh aiseolas le haghaidh tionscadail Inlín agus suímh Gréasáin a fhorbairt.
5.1.5	Suíomh Gréasáin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus suíomhanna Gréasáin na gcoláistí/na n-ionad a chaighdeánú agus an t-inneachar ar an suíomh Gréasáin agus sna meáin shóisialta a bhainistiú chun a chinntiú go mbeidh sé cothrom le dáta agus ar ardchaighdeán.	- Bainistíodh an t-inneachar meán sóisialta agus coinníodh cothrom le dáta é. - Forbraíodh roinnt suíomhanna Gréasáin scoile.
5.1.6	Teicneolaíochtaí nuálacha cuí a úsáid, lena n-áirítear na meáin shóisialta, le haghaidh cumarsáid thapa éifeachtach.	- Úsáideadh teicneolaíochtaí cuí, lenar áiríodh na meáin shóisialta, le haghaidh cumarsáid thapa éifeachtach a dhéanamh ar scéalta agus míreanna nuachta a bhaineann leis an mBord Oideachais agus Oiliúna.

Tosaíocht Straitéiseach 5.2: Sásraí níos éifeachtaí cumarsáide inmheánaí a fhorbairt		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
5.2.1	Suíomh Inlín a fhorbairt le haghaidh faisnéis foirne agus comhroinnt eolais.	- Forbraíodh suíomh Inlín agus sainaithníodh úinéirí inneachair. Cuireadh Céim 1 den tionscadal Inlín i gcrích.
5.2.3	Treoirlínte a fhorbairt do bhaill foirne chun cumarsáidí inmheánacha atá soiléir agus comhsheasmhach a chinntiú, lena n-áirítear an dea-chleachtas maidir le raon modhanna (nuachtlitreacha, na meáin dhigiteacha, Inlíon, cumarsáid aghaidh ar aghaidh, ríomhphost, etc.) a úsáid chun teachtaireachtaí agus faisnéis a sholáthar.	- Cuireadh treoirlínte branda an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i bhfeidhm, lena n-áirítear stór íomhánna fótagrafacha lena n-úsáid ag baill foirne chun críocha cur chun cinn agus tuairiscithe.
5.2.5	Braistint láidir phobail a chothú i measc bhaill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	- Leanadh leis an bhFóram Breisoideachais agus Oiliúna do bhainisteoirí agus comhordaitheoirí a thionól go cianda le linn na paindéime. - Thosaigh gach scoil ar Fhoireann Ceannaireachta Éitis a bhunú ó mhí Mheán Fómhair 2021 amach. Rinne Comhordaitheoir Éitis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna foireann ceannairí foirne éitis scoile a stiúradh i bPobal Cleachtais, a raibh mar phríomhchuspóir aige feasacht a mhéadú ar na cúig chroíluach atá ag scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna, a bhfuil pobal mar cheann amháin díobh. Cothaíonn sé sin braistint phobail i measc baill foirne laistigh de scoileanna.
5.2.6	Coincheap an phobail a chothú i measc foghlaimeoirí, go háirithe ár gcuid foghlaimeoirí aosacha atá páirteach i ngrúpaí ranga beaga.	- Thosaigh gach scoil ar Fhoireann Ceannaireachta Éitis a bhunú ó mhí Mheán Fómhair 2021 amach. Rinne Comhordaitheoir Éitis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna foireann ceannairí foirne éitis scoile a stiúradh i bPobal Cleachtais, a raibh mar phríomhchuspóir aige feasacht a mhéadú ar na cúig chroíluach atá ag scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna, a bhfuil pobal mar cheann amháin díobh. Cothaíonn sé sin braistint phobail i measc mic léinn agus baill foirne araon laistigh de scoileanna.
5.2.7	Sásraí a fhorbairt le haghaidh mic léinn, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a choinneáil ar an eolas faoi éachtaí agus forbairtí laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.	- Baineadh úsáid mhéadaithe as na meáin shóisialta chun pobail a choinneáil ar an eolas faoi éachtaí agus forbairtí laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Tosaíocht Straitéiseach 5.3: Sásraí níos éifeachtaí cumarsáide seachtraí a fhorbairt.		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
5.3.2	Liosta iomlán a chur le chéile de na cúrsaí uile atá ar fáil agus a chinntiú go nuashonrófar an liosta sin de réir mar is	- Tá liosta ar fáil ar fetchcourses.ie. - Tá nasc ann chuig an raon cúrsaí atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

	gá agus gur féidir é a rochtain go héasca ar líne.	

Tosaíocht Straitéiseach 5.4: Brandáil agus margaíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fheabhsú.		
Gníomhartha Straitéiseacha		**Torthaí sa bhliain 2021**
5.4.1	Straitéis brandála agus margaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme don eagraíocht, lena n-áirítear sraith ábhar cur chun cinn a fhorbairt chun seirbhísí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a phoibliú.	- Ceadaíodh treoirlínte brandála don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus cuireadh chun feidhme iad. - Cuireadh sraith ábhar cur chun cinn ar fáil tríd an Inlíon lena n-úsáid ag baill foirne.
5.4.2	Féiniúlacht branda láidir a chruthú don eagraíocht, agus tacar treoirlínte branda ag gabháil léi.	- Ceadaíodh treoirlínte branda don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus cuireadh chun feidhme iad.
5.4.3	Foireann a bhunú ar fud na heagraíochta chun freagracht a ghlacadh as gníomhaíocht sna meáin, agus oiliúint chuí agus cur chun feidhme cuí treoirlínte mar thaca léi.	- Cuireadh foireann meán sóisialta i bhfeidhm don Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus oiliúint chuí agus cur chun feidhme cuí treoirlínte mar thaca léi.

Aguisín 1: Acrainmneacha

A/Y: Bliain Acadúil
BOM: Bord Bainistíochta
BTEI: An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
CNS: Pobalscoil Náisiúnta
CPD: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPOR: Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí
CPP: Plean Soláthair Chorparáidigh
CTCanna: Ionaid Oiliúna Pobail
CYPSC: Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
RLCMLÓ: An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DCU: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
RO: An Roinn Oideachais
DEIS: Comhionannas deiseanna a sholáthar i scoileanna
EROC: Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála
CSE: Ciste Sóisialta na hEorpa
ESOL: Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
FAR: Freagróir Garchabhrach
FET: Breisoideachas agus Oiliúint
FETC: Ionad Breisoideachais agus Oiliúna
H&S: Sláinte agus Sábháilteacht
HPBA: An Chomhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta
IAU: An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
IBEC: Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
TFC: Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
LCDC: Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
LTInna: Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna
LYCGS: An Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla
MAEDF: An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú
MAPP: Pleanáil Ilbhliantúil Soláthair
MOU: Meabhrán Tuisceana
NIPT: An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí
NZEB: Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh
OETC: Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh
PLC: An Iar-Ardteistiméireacht
PLD: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil
PMDS: Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
QQI: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RP: Cleachtas Aisiríoch
SEAI: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SEN: Riachtanais Speisialta Oideachais
SENCO: Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais
SICAP: An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
SMT: Foireann Ardbhainistíochta
SNA: Cúntóir Riachtanas Speisialta
STEM: Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
STEAM: Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic
STPanna: Soláthraithe Sainoiliúna
TEL: Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
VTOS: An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
WIT: Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Waterford and Wexford
Education and Training Board
Ardcavan Business Park
Ardcavan
Wexford
Y35 P9EA
Phone 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Páirc Gnó Ard Chaomháin
Ard Chaomháin
Loch Garman
Y35 P9EA
Fón: 053 9123799